# RÁITEAS UM CHLEACHTAS DEIMHNIÚCHÁIN

## An leagan den doiciméad seo: 1.2
## Dáta: 15 Meán Fómhair 2007

**AO don RCD seo:** Tada

Is féidir faisnéis sa doiciméad seo a athrú gan réamhfhógra.
Ní féidir cuid ar bith den doiciméad seo a chóipeáil, a atáirgeadh, a aistriú ná a stóráil i meán leictreonach ná i ríomhfhormáid inneall-léite gan cead scríofa a fháil roimh ré ó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Cóipcheart 2000 – 2007 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

# Clár

1 Réamhrá ..............................................................................................................................……………13

2 An Cuspóir atá leis an Ráiteas seo um Chleachtas Deimhniúcháin …..........................…………….13

3 An Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD) ............................................................……….....14

3.1 Feidhm an RCD..............................................................................................................…………14

4 Doiciméid um Polasaí Deimhniúcháin agus Cleachtas Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim a fháil ..……………………………………………………………………………………………….14

5 Nós Imeachta um a Leasú ..........................................................………………………………….15

5.1 An tÚdarás um Cheadú Polasaí (ÚCP) .......................................................................................…15

5.2 Athruithe ..........................................................................................................................……...15

Aguisín A – Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ............………...16

1 Réamhrá .........................................................................................................................…………..16

1.1 Forbhreathnú .................................................................................................................……..16

1.1.1 Réamhrá ..................................................................................................….…………...16

1.1.2 Caighdeáin ..................................................................................................................…………18

1.1.3 Sainmhínithe .......................................................................................................………...18

1.1.4 Ordlathas Aitheantóirí Oibiachtaí X.500 ......................................................................……19

1.1.5 Ciogal Saoil do Bhainistiú Deimhnithe...............................................................................………19

1.1.5.1 Cruthú ..............................................................................................……………………..21

1.1.5.2 Úsáid Oibríochtúil ...............................................................................……………...22

1.1.5.3 Síothlú ...........................................................................................………………..22

1.1.5.4 Cartlann ...............................................................................................………………22

1.1.5.5 Amhras ....22
1.1.5.6 Cealú .... 23
1.1.5.7 Oiriúint Oibríochtúil .... 23
1.1.6 Bonneagar Oibríochtúil BEP .... 24
1.1.7 Scóip .... 25
1.1.8 Fealsúnacht Slándála .... 25
1.1.9 Socruithe Foirne .... 26
1.1.10 Ceart Fiosraithe .... 26
1.2 Aitheantas .... 26

1.3 Pobal agus Infheidhmitheacht .... 27

1.3.0 Údaráis um Polasaí.... 28
1.3.0.1 Údarás Um Cheadú Polasaí (ÚCP) na gCoimisinéirí Ioncaim .... 28

1.3.1 Údaráis Deimhniúcháin .... 28

1.3.1.1 Údaráis Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim.... 28
1.3.1.2 Údaráis Deimhniúcháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.... 29
1.3.2 Údaráis Chlárúcháin .... 30

1.3.3 Aonáin Cheadaithe agus Daoine Údaraithe .... 30

1.3.3.1 Feidhmeanna na nAonán Formheasta agus na nDaoine Údaraithe.... 31
1.3.3.2 Sonraí Teagmhála na nDaoine Formheasta (Duine Formheasta nó Duine Údaraithe).... 31
1.3.4 Infheidhmitheacht .... 32
1.3.4.1 Srian le Deimhnithe a Úsáid .... 32

1.4 Sonraí Teagmhála.... .33

1.4.1 Eagraíocht Riartha Sonraíochta ........................................ 33

1.4.2 Teagmhálaí ........................................ 33

2 Forálacha Ginearálta ........................................ 34

2.1 Oibleagáidí ........................................ 34

2.1.1 Oibleagáidí Ginearálta ........................................ 34

2.1.2 Oibleagáidí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ........................................ 34

2.1.2.1 Oibleagáidí ÚCP........................................ 35

2.1.2.2 Oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim........................................ 35

2.1.2.3 ÚD ROS ag Obair faoi ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim ........................................ 36

2.1.2.4 Oibleagáidí ÚC ........................................ 36

2.1.3 Oibleagáidí Aonán, Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe ........................................ 37

2.1.4 Oibleagáidí ar Pháirtí ag Brath ........................................ 38

2.1.5 Oibleagáidí Stóir ........................................ 38

2.2 Dliteanas ........................................ 38

2.2.1 Dliteanas Aonáin ........................................ 39

2.3 Freagracht Airgeadais ........................................ 39

2.3.1 Urrús ag Páirtithe ag Brath ........................................ 39

2.3.2 Caidreamh Muiníne ........................................ 39

2.3.3 Próisis Riaracháin ........................................ 39

2.4 Léirmhíniú agus Forfheidhmiú ........................................ 40

2.4.1 Reachtaíocht Rialúcháin ........................................ 40

2.4.2 Inscarthacht, Maireachtáil, Cumasc, Fógra .......... 40

2.4.2.1 Inscarthacht .......... 40

2.4.2.2 Maireachtáil (Oibleagáidí leanúnacha) .......... 40

2.4.2.3 Cumasc .......... 40

2.4.2.4 Fógra .......... 40

2.4.2.5 Gníomh Fógra .......... 40

2.4.2.6 Admháil as Fógra .......... 40

2.4.3 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí .......... 40

2.5 Táillí .......... 40

2.6 Foilsiú agus Stóráil .......... 41

2.6.1 Faisnéis BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a Fhoilsiú .......... 41

2.6.2 Minicíocht a Foilsithe .......... 41

2.6.3 Rialuithe Rochtana .......... 41

2.6.4 Stóir .......... 41

2.7 Iniúchadh um Chomhlíonadh .......... 42

2.7.1 A Mhinice is a Dhéantar Aonán a Iniúchadh um Chomhlíonadh .......... 42

2.7.2 Céannacht/Cáilíochtaí Iniúchóra .......... 42

2.7.3 Caidreamh Iniuchóra le Páirtí Faoi Iniúchadh .......... 42

2.7.4 Topaicí arna gClúdadh ag Iniúchadh .......... 42

2.7.5 Gníomhartha arna nGlacadh de Thoradh Uireasa .......... 42

2.7.6 Torthaí a Chur in Iúl .......... 42

2.8 Rúndacht agus Príobháideachas .......... 43

2.8.1 Cineálacha Faisnéise le Coinneáil ina Rún .......................................................... 43

2.8.1.1 Prionsabail um Príobháideachas Faisnéise an Rialtais a Chur i bhFeidhm.............................. 43

2.8.1.2 Faisnéis um Uimhir Cánach ........................................................................................ 43

2.8.1.3 Faisnéis Chláruch). .................................................................................................. 43

2.8.1.4 Faisnéis Deimhnithe ................................................................................................ 43

2.8.1.5 Cáipéisí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim........................................................................ 44

2.8.2 Cineálacha Faisnéise nach Meastar gur Ábhar Rúnda ......................................................... 44

2.8.2.1 Faisnéis Deimhnithe ................................................................................................ 44

2.8.2.2 Cáipéisí na gCoimisinéirí Ioncaim................................................................................ 44

2.8.3 Cealú/Faisnéis Deimhnithe a Nochtadh ......................................................................... 44

2.8.4 Saoráil le haghaidh Oifigeach Forfheidhmithe Dlí ........................................................... 45

2.8.5 Saoráil mar Chuid de Fhollasú Sibhialta ........................................................................ 45

2.8.6 Follasú ar Iarratas an Úinéara .................................................................................... 45

2.8.7 Cúinsí Saorála Faisnéise Eile....................................................................................... 46

2.9 Cearta um Shealúchas Intleachtúil ................................................................................. 46

3 Aitheantas agus Fíordheimhniú ........................................................................................ 46

3.0 Ginearálta ................................................................................................................. 46

3.0.1 Clárú Tosaigh .......................................................................................................... 46

3.0.2 Clárú Tosaigh .......................................................................................................... 46

3.1 Clárú Tosaigh .............................................................................................................. 47

3.1.1 Cineálacha Ainmneacha ........................................................................................................ 47

3.1.2 A Riachtanaí is atá Ainmneacha a mBaineann Brí Leo ............................................................ 47

3.1.3 Rialacha Maidir le Foirmeacha Éagsúla Ainmneacha a Léirmhíniú …...................................... 47

3.1.4 Uathúlacht na nAinmneacha ...................................................…........................................... 47

3.1.5 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí faoi Éilimh Ainmneacha................................................ 47

3.1.6 Aithint, Fíordheimhniú agus Ról Trádmharcanna .........................................…………… 47

3.1.7 Céannacht Aonáin a Fhíordheimhniú .......................................………….......................... 47

3.1.8 Céannacht Duine a Fhíordheimhniú.......................................………….............................. 48

3.2 Athnuachan Tráthrialta Eochracha agus Deimhnithe .............................................................. 48

3.3 Atheochrú tar éis Cealaithe ...........................................................................……...................... 48

4 Riachtanais Oibríochtúla ..........................................................................………....................... 49

4.1 Iarratas maidir le Deimhniú ...........................................................................….............................…..49

4.2 Eisiúint Deimhnithe ...........................................................................………......................... 49

4.2.1 Próiseas Eisiúna Deimhnithe .........................................................……............................. 49

4.2.1.2 Ceart ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Iarratais ar Dheimhnithe a Dhiúltú ........................... 49

4.2.2.2 Tréimhsí Oibríochta...........................................................................……………........... 49

4.3 Glacadh le Deimhniú .............................................................................…………................. 49

4.4 Deimhniú a Chealú ..........................................................................……………................ 50

4.4.1 Cúinsí a Chealaithe ...................................................................................………………………...... 50

4.4.2 Daoine i dTeideal Cealú a Iarraidh .................................................……............................... 51

4.4.3 Nós Imeachta um Iarratas Maidir le Deimhniú a Chealú ..........................................…....... 51

4.5 Nós Imeachta um Iniúchadh Slándála ......................................................................................... 51

4.5.1 Cineálacha Teagmhas arna dTaifeadadh ........................................................................ 51

4.5.2 Minicíocht Phróiseála Log ........................................................................ 51

4.5.3 Tréimhse Coinneála do Log Iniúchta ........................................................................ 51

4.5.4 Log Iniúchta a Chosaint ........................................................................ 51

4.5.5 Nós Imeachta um Log a Chúltacú ........................................................................ 52

4.5.6 Córas Bailithe Iniúchta ........................................................................ 52

4.5.7 Faisnéisiú Maidir le Teagmhais Áirithe ........................................................................ 52

4.5.8 Leochaileacht a Mheasúnú ........................................................................ 52

4.6 Taifid a Chur i gCartlann ........................................................................ 52

4.6.1 Cineálacha Teagmhas arna dTaifeadadh ........................................................................ 52

4.6.2 Tréimhse Coinneála Cartlainne ........................................................................ 53
.

4.6.2.1 Eochracha a Choinneáil Slán ........................................................................ 53

4.6.2.2 Deimhniú a Choinneáil Slán ........................................................................ 53

4.6.2.3 Tréimhse Cothabhála Cartlainne ........................................................................ 53

4.6.3 Cartlann a Chosaint ........................................................................ 53

4.6.4 Nós Imeachta um Log a Chúltacú ........................................................................ 53

4.6.5 Riachtanais Maidir le Stampaí Ama a Chur ar Thaifid ........................................................................ 53

4.6.6 Córas Bailithe Cartlainne ........................................................................ 54

4.6.7 Nós Imeachta um Fhaisnéis i gCartlann a Fháil agus a Fhíorú........................................................................ 54

4.7 Athrú Eochracha ........................................................................ 54

4.8 Athshlánú iar Eachtra Amhrais nó Tubaiste........................................................................ 54

4.8.1 Má Thruaillítear Acmhainní Ríomhaireachta, Bogearraí agus/nó Sonraí........................................................................ 55

4.8.2 Má Chealaítear Eochair Phoiblí na gCoimisinéirí Ioncaim........……........................................ 55

4.8.3 Má Chaitear Amhras ar Eochair Phoiblí na gCoimisinéirí Ioncaim.…...................................... 55

4.8.4 Áis a Dhaingniú Tar Éis Tubaiste Nádúrtha nó Eile......….………….................................. 56

4.9 Foirceannadh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ........................................................................... 56

5 Rialuithe Slándála, idir Fhisiciúil, Nós Imeachta agus Phearsanra..........………........................... 57

5.1 Rialuithe Fisiciúla ..........................................................................……............................... 57

5.1.1 Suíomh Láithreáin agus a Thógáil ..........................................….................................... 57

5.1.2 Rochtain Fhisiciúil ..............................................................................……...................... 57

5.1.3 Cumhacht agus Aeroiriúnú ................................................................………................... 57

5.1.4 Neamhchosaint ar Uisce ...............................................................................…............................. 57
.
5.1.5 Cosc Dóiteán agus Cosaint ina gCoinne ...................................................................... 57

5.1.6 Stóráil Meán .................................................................................……………......... 58

5.1.7 Diúscairt Dramhaíola ...............................................................…........................................ 58

5.1.8 Cúltaca in Áit Eile ...........................................................………........................................ 58

5.2 Rialuithe Nós Imeachta ............................................................…............................................ 58

5.2.1 Rólanna Iontaoibhe .........................................................…................................................. 58

5.2.2 Líon na nDaoine Riachtanach do Gach Tasc ..................…................................................. 59

5.2.3 Aitheantas agus Fíordheimhniú do Gach Ról ................………........................................... 59

5.3 Rialuithe Pearsanra .............................................……........................................................ 60

5.3.1 Riachtanais Maidir le Cúlra, le Cáilíochtaí, le Taithí agus le Scagadh Slándála ........................ 60

5.3.2 Nós Imeachta um Dheimhniú Cúlra ...................................................................….................. 60

5.3.3 Riachtanais Traenála .................................................................................................. 60

5.3.4 Minicíocht agus Riachtanais Atraenála..................................................................... 61

5.3.5 Minicíocht agus Seicheamh Postmhalartuithe ......................................................... 61

5.3.6 Smachtbhannaí as Ucht Gníomhartha Neamhúdaraithe ........................................... 61

5.3.7 Riachtanais do Lucht Conartha ................................................................................ 61

5.3.8 Cáipéisí a Chuirtear ar Fáil do Phearsanra ............................................................... 61

6 Rialuithe Slándála Teicniúla ......................................................................................... 62

6.1 Cruthú agus Suiteáil Péirí Eochracha ......................................................................... 62

6.1.1 Péire Eochracha a Chruthú ....................................................................................... 62

6.1.2 Eochair Phríobháideach a Sheachadadh ................................................................... 62

6.1.3 Eochair Phoiblí a Sheachadadh ................................................................................. 62

6.1.4 Eochair Phoiblí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a Sheachadadh chuig Aonáin ......... 62

6.1.5 Méid Eochracha ........................................................................................................ 62

6.1.6 Paraiméadair Eochrach Poiblí a Chruthú .................................................................. 63

6.1.7 Cáilíocht Paraiméadar a Sheiceáil ............................................................................ 63

6.1.8 Eochair Crua-/Bogearraí a Chruthú.......................................................................... 63

6.1.9 Críocha Úsáidte Eochracha ...................................................................................... 63

6.2 Eochair Phríobháideach a Chosaint ............................................................................ 64

6.2.1 Caighdeáin Maidir le Modúl Cripteagrafach ............................................................ 64

6.2.2 Rialú Eochrach Príobháidí ag Daoine Éagsúla ......................................................... 64

6.2.3 Gníomhas Coinníollach Eochrach Príobháidí ........................................................... 64

6.2.4 Eochair Phríobháideach a Chúltacú .......................................................................... 64

6.2.5 Eochair Phríobháideach a Chur i gCartlann ............................................................. 64

6.2.6 Eochair Phríobháideach a Iontráil i Modúl Cripteagrafach …...................................................... 65

6.2.7 Conas Eochair Phríobháideach a Ghníomhachtú ..................................................................... 65

6.2.8 Conas Eochair Phríobháideach a Dhíghníomhachtú .................................................................. 65

6.2.9 Conas Eochair Phríobháideach a Scrios ..................…............................................................. 65

6.3 Gnéithe Eile de Bhainistiú Péirí Eochracha .......…......................................................................... 65

6.3.1 Eochracha Poiblí a Chur i gCartlann ............................................................................................ 65

6.3.2 Tréimhsí Úsáide Eochracha Poiblí agus Eochracha Príobháideacha ........................................... 65

6.4 Sonraí Gníomhachtaithe ..............................................................………….............................. 66

6.4.1 Sonraí Gníomhachtaithe a Chruthú agus a Shuiteáil .................................................................. 66

6.4.2 Sonraí Gníomhachtaithe a Chosaint ..........................................................…........................ 66

6.5 Rialuithe Slándála Ríomhairí ......................................................................………................. 66

6.5.1 Riachtanais Teicniúla a Bhaineann go Sonrach le Slándáil Ríomhairí ....................................... 66

6.5.2 Rátú Maidir le Slándáil Ríomhairí ..........................................................................…..................... 66

6.6 Rialuithe Teicniúla Maidir le Ciogal Saoil ...........................................................................……… 67

6.6.1 Rialuithe Maidir le Córas a Fhorbairt ........................………............................................................ 67

6.6.2 Rialuithe Maidir le Slándáil a Bhainistiú ......................................................................................... 67

6.6.3 Rátú Maidir le Slándáil Chiogal Saoil ............…….......................................................................... 67

6.7 Rialuithe Maidir le Slándáil Líonra

6.8 Rialuithe Maidir le hInnealtóireacht Modúl Cripteagrafacha ..……………..................................... 67

7 Próifíleanna Deimhnithe agus LDC ............................................……............................................. 67

7.1 Próifíl an Deimhnithe .......................................................................................................... 67

7.1.1 Uimhriú na Leaganacha ............................................................................................. 67

7.1.2 Síneadh le Deimhniú .................................................................................................. 67

7.1.3 Algartaim in Úsáid ..................................................................................................... 68

7.1.4 Foirmeacha na nAinmneacha ..................................................................................... 68

7.1.5 Srianadh na nAinmneacha .......................................................................................... 68

7.1.6 Aitheantóir Oibiachta Polasaí Deimhnithe ................................................................. 68

7.1.7 Breisiú Srianta Polasaí a Úsáid .................................................................................. 69

7.1.8 Cáilitheoirí Polasaí ..................................................................................................... 69

7.1.9 Séimeantaic Próiseála do Shíneadh Deimhnithe Criticiúla......................................... 69

7.2 Próifíl LDC................................................................................................................... 69

7.2.1 Uimhriú na Leaganacha .............................................................................................. 69

7.2.2 Iarmhíreanna LDC agus Iontrálacha LDC .................................................................. 69

8 Riarachán Sonraíochta ...................................................................................................... 69

8.1 Nós Imeachta um Athrú Sonraíochta ............................................................................ 69

8.1.1 Foilsiú Tosaigh ............................................................................................................ 69

8.1.2 Athruithe ..................................................................................................................... 70

.

Aguisín B – Gluais ............................................................................................................ 70

Aguisín C – Polasaithe lena dTacaíonn an RCD seo ......................................................... 82

Aguisín D – Seoltaí Idirlín ................................................................................................ 83

# 1 Réamhrá

Tá an fhaisnéis sa doiciméad seo dírithe ar lucht foirne freagrach as Bonneagar Eochracha Poiblí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (BEP na gCoimisinéirí Ioncaim) a bhainistiú agus a oibriú, ar a n-áirítear Údaráis Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim) agus Údaráis Deimhniúcháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD ROS).

Caithfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú go gcoinneoidh siad iontaoibh na ndaoine a n-eisítear Deimhnithe dóibh.

Déanann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a Dheimhniú féin a chruthú agus a shíniú. Síníonn sé an Deimhniú a chruthaíonn ÚD ROS, chomh maith, agus gníomhaíonn mar bhuaicphointe iontaoibhe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Eisíonn ÚD ROS teastais do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe, faoi réir ag an bpolasaí teastas a bhaineann le hábhar.

Tá cur síos ar na cleachtais a bhaineann le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhainistiú sa Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (RCD) atá leis seo.

# An Cuspóir atá leis an Ráiteas seo um Chleachtas Deimhniúcháin

Is é is cuspóir don doiciméad seo, eolas fíriciúil a sholáthar, mar chur síos ar an bpróiseas Deimhniúcháin a úsáideann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis na nithe seo a leanas:

1. A Bhonneagar Eochracha Poiblí (BEP) a bhainistiú.

2. BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a riaradh, faoin Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin (RPD) arna eisiúint ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.

3. Ciogal Saoil Deimhnithe taobh istigh den BEP aige.

Tá cur síos mionsonraithe ar na cleachtais sin sa ráiteas foirmeálta a thugtar leis seo mar Aguisín A - An Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD).

Údarás Deimhniúcháin féinsínithe is ea ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ba cheart a nótáil gur féidir le hÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus le hÚdaráis Deimhniúcháin eile níos mó ná Ráiteas amháin um Polasaí Deimhniúcháin (RPD) a eisiúint, agus iad arna mapáil don Ráiteas seo um Chleachtas Deimhniúcháin. I ngach cás mar sin, ainmneofar an TD ábhartha san RCD seo.

# 3 An Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD)

Tá an RCD a bhfuil cur síos air sa ráiteas réamhrá seo mar Aguisín A.

## 3.1 Feidhm an RCD

Is é is feidhm don RCD seo, eolas fíriciúil a sholáthair, ina dtugtar comharthaí sóirt aitheantais agus mionsonraí, mar is iomchuí, na ngnáthchleachtas oibríochta a thacaíonn le Deimhnithe arna n-eisiúint ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim faoi Ráitis um Polasaí Deimhniucháin. Clúdaíonn na cleachtais Deimhniúcháin sin na nithe seo a leanas:

1. Cúrsaí a bhaineann le Deimhnithe ainmnithe arna n-eisiúint ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ag Údaráis Deimhniúcháin eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus iad á gcruthú, iad á n-úsáid go hoibríochtúil, iad faoi amhras, iad ag síothlú, iad á gcur ar fionraí agus iad á gcealú.

2. Slándáil ar an dá thaobh, comhleanúnachas agus éifeacht in oibríochtaí de chuid BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

3. Gnéithe loighciúla agus fisiciúla BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a chothabháil.

# 4 Doiciméid um Polasaí Deimhniúcháin agus Cleachtas Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim a fháil

Tá sé mar riachtanas an doiciméad seo agus doiciméid eile BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaineann le polasaí agus le cleachtas a bheith ar fáil lena scrúdú ag páirtithe leasmhara. Féach Aguisín D maidir le heolas faoi conas na doiciméid sin a rochtain.

Déanfar tagairt sa chuid eile den doiciméad seo do stór doiciméad polasaí agus cleachtas BEP na gCoimisinéirí Ioncaim mar Shuíomh Idirlín Pholasaí Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim**.**

# 5 Nós Imeachta um a Leasú

## 5.1 An tÚdarás Um Cheadú Polasaí (ÚCP)

De réir mar a thagann caighdeáin nua chun cinn, nó mar a aithnítear polasaí agus cleachtais le feabhsú, déanfar an doiciméad seo a leasú dá réir.

Is é Údarás Um Cheadú Polasaí (ÚCP) BEP na gCoimisinéirí Ioncaim atá freagrach as leasú agus as ceadú an doiciméid seo.

Tá ÚCP freagrach as treo a shocrú maidir le Polasaí Deimhniúcháin do Bhonneagar Eochracha Poiblí na gCoimisinéirí Ioncaim go ginearálta, agus tá ionadaithe air ó Oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim agus ó eagraíochtaí eile, mar a shainmhínítear i mBunreacht ÚCP.

## 5.2 Athruithe

Tar éis athruithe ar an RCD seo a bheith ceadaithe, déanfaidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. An RCD seo a fhoilsiú ar Shuíomh Idirlín Pholasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Iatán D).

2. Éifeacht agus dáta feidhmithe an athraithe a chur in iúl tríd an ríomhphost do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe a bhfuil Eochracha agus Deimhnithe acu. Is é an seoladh a úsáidfear chuige sin ná an ceann a soláthraíodh mar chuid den phróiseas cláraithe tosaigh.

3. Eochracha agus Deimhnithe a chealú, i gcás go dtugann an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe le fios nach mian leo déanamh de réir na socruithe nua a thuilleadh. Más gá doiciméad reatha a leasú, is é an próiseas athraithe a úsáidfear chuige sin ná an ceann céanna is a úsáidtear maidir le Foilsiú Tosaigh, mar a mhínítear thuas.

Is é a bheidh mar nós ainmnithe i gcomhair fógraí leasaithe ná:

BBBB A sheasann don bhliain inar eisíodh an leasú.

XXX Ina gciallaíonn XXX uimhir i seicheamh dár thús 000.

# Aguisín A – Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

# 1 Réamhrá

## 1.1 Forbhreathnú

### 1.1.1 Réamhrá

Rinneadh an Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD) seo a scríobh lena úsáid laistigh de Bhonneagar Eochracha Poiblí (BEP) na gCoimisinéirí Ioncaim. Ar an leibhéal is airde, cuimsíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, Údaráis Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim) agus Údaráis Deimhniúcháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ÚD ROS). Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le cruthú agus le húsáid Eochracha agus Deimhnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus a gcuid custaiméirí. Úsáidtear Eochracha agus Deimhniú chun slándáil a chinntiú maidir le hidirbhearta idir na Coimisinéirí Ioncaim agus a gcuid custaiméirí, trí na feidhmeanna seo a leanas a sholáthar:

1. Fíordheimhniú.
2. Sláine.
3. Rúndacht.
4. Neamhshéantacht.
5. Feidhmeanna eile, de réir mar a cheadaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ó uair go chéile, faoi TD ar leith.

Soláthraíonn an RCD eolas fíriciúil ina ndéantar cur síos ar na nithe seo a leanas:

1. Cleachtais laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim mar thaca le húsáid Deimhnithe arna n-eisiúint ag Údarás Deimhniúcháin na g Coimisinéirí Ioncaim.

2. Úsáid teicneolaíochtaí agus próiseas ina theannta sin mar thaca leis an mbonneagar oibríochta atá mar bhonn leis.

Léiríonn na cleachtais ar a bhfuil cur síos san RCD seo, chomh maith leis na teicneolaíochtaí eile agus na próisis eile dá dtagraítear i ndoiciméid eile, iontaofacht agus sláine oibríochtaí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ó chéim go chéile i gciogal saoil Deimhnithe, óna chruthú agus a shíniú go dtína shíothlú.

**Seirbhísí Deimhniúcháin BEP**

Clúdaíonn na Deimhnithe agus na TD a bhaineann leo agus a dtacaíonn an RCD seo leo feidhmeanna sínithe agus seirbhísí eile a theastaíonn chun críocha cumarsáide idir na

Coimisinéirí Ioncaim agus a gcuid custaiméirí.

## Na Cineálacha Deimnithe a Eisítear

Tacaíonn an RCD seo le hoibríocht na nithe seo a leanas:

1. Deimhnithe agus na TD a bhaineann leo, de réir mar a cheadaíonn ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Áirítear ina measc sin:

- Deimhnithe a bhíonn ag teastáil ó Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim agus iad i mbun cumarsáide le Daoine Formheasta nó le Daoine Údaraithe.

- Deimhnithe a bhíonn ag teastáil ó Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe i mbun a gcumarsáide leis an Rialtas.

Déantar Polasaithe Deimhniúcháin a dtacaíonn an RCD seo leo a liostáil in ***Aguisín B – TDanna a dtacaíonn an RCD seo leo*** agus foilsítear iad ag Suíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Féach Aguisín D.

## Cáilitheoirí Formheasta Polasaí

Tá na Cáilitheoirí  Polasaí seo a leanas arna gceadú i gcomhair a n-úsáidte le Deimhnithe a eisíonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS maidir le hoibríocht BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Luaitear Cáilitheoirí  Polasaí eile sa TD a bhaineann le hábhar.

### Cáilitheoirí Polasaí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

| |
|---|
| Déanann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a Dheimhniú féin a chruthú agus a shíniú, agus síníonn Teastas ÚD, chomh maith. Eisíonn ÚD ROS teastais dá fho-eilimintí agus do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe mar theastais le húsáide i mbun cumarsáide le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim amháin. |

### Cáilitheoirí Polasaí ÚD ROS

| |
|---|
| Cáilíonn na teastais a eisítear faoin RCD seo mar theastais faon Acht um Thráchtáil Leictreonach, 2000, le haghaidh a n-úsáidte ag Daoine Formheasta agus ag Daoine Údaraithe  i mbun cumarsáide le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim amháin, agus Ranna Rialtais eile ina bhféadfaí Teastais ROS a úsáid chun críocha |

## Leasuithe

Cuirfear an RCD seo trí phróiseas athbhreithnithe go tráthrialta, mar atá forordaithe ag ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Déanfar leaganacha leasaithe den doiciméad seo a aithint trí scéimre bunlíne le coinbhinsean uimhrithe.

## 1.1.2 Caighdeáin

Tagraítear don RCD seo mar "RCD na gCoimisinéirí Ioncaim".

Bunaítear struchtúr an RCD seo ar *RFC 3647 – Internet X.509 Public Key Infrastructure Deimhniú Policy and Certification Practices Framework*. Tá breis eolais le fáil in Alt QQQ

***1.1.2 Caighdeáin*** i TD a bhaineann le hábhar.

Tá an RCD ag teacht le RFC 3647, ach amháin de réir mar is gá chun cur síos leordhóthaineach a dhéanamh ar chleachtais oibríochtúla BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 1.1.3 Sainmhínithe

Glactar leis san RCD seo go bhfuil an léitheoir eolach ar choincheapanna bunúsacha BEP, ar a n-áirítear:

1. Sínithe digiteacha a úsáid chun críocha a bhaineann le fíordheimhniú, le sláine agus le neamhshéantacht.

2. Criptiu a úsáid chun críocha na rúndachta.

3. Prionsabail a bhaineann le criptiú neamhshiméadrach, le hEochracha, le Deimhnithe agus le péirí eochracha.

4. An Ról a imríonn Údaráis Deimhniúcháin.

Tugtar na sainmhínithe a úsáidtear sa doiciméad seo in Aguisín B - Gluais.

Bunaítear na sainmhínithe seo ar na caighdeáin seo a leanas:

1. Gluais ISO um Theicneolaíocht Slándála TF.

Ba cheart a nótáil nach n-úsáidtear na téarmaí ná na hacrainmneacha sin ar fad sa doiciméad seo. Is liosta comhsheasmhach é, áfach maidir le doiciméid uile BEP na

gCoimisinéirí Ioncaim.

### 1.1.4 Ordlathas Aitheantóirí Oibiachtaí X.500

Tá Aitheantóirí Oibiachtai (AO) arna sannadh ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá cur síos orthu i mbunlíne cumraíochta BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Sannaítear AOanna i gcomhair ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim, ÚD ROS, agus gach fo-eilimint den ÚD ROS agus gach TD. Ní shannaítear AO don RCD seo.


Tá na hAOanna ar fad le taifeadadh i:

- TD iomchuí: Tá AO ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim arna thaifeadadh san RCD seo
- Déantar AO TD a thaifeadadh sa TD a bhaineann le hábhar.

### 1.1.5 Ciogal Saoil do Bhainistiú Deimhnithe

Léirítear ciogal saoil do bhainistiú teastais leis na Coimisinéirí Ioncaim (CSBT) i Léaráid 1.1 thíos. Baineann an CSBT le gach Deimhniú a eisítear laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

| |
|---|
| Key Generation = Cruthú Eochrach; Key Deletion = Dealú Eochrach; Operational Use (Certification) = Úsáid Oibríochta (Deimhniú); Key Compromise = Eochair faoi Amhras; Key Archive = Eochair a Chur i gCartlann; Deimhniú Expiry = Síothlú Eochrach; Key (Certificate) Revocation = Eochair (Teastas) a Chealú. |




**Léaráid 1. An Ciogal Saoil do Bhainistiú Deimhnithe**

Is é an an CSBT ardleibhéal an phróisis chun Deimhnithe a bhainistiú i BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Dhá staid atá ann: príomha agus tánaisteach. Is iad seo na staideanna príomha:

1. Cruthú.

2. Úsáid Oibríochtúil.

3. Síothlú.

Téann gach cineál Deimhnithe trí na staideanna príomha sin mar chuid dá gciogal saol. Is iad seo na staideanna tánaisteacha:

1. Amhras.

2. Cealú.

3. Cartlann.

Toisc go gciallaíonn na staideanna tánaisteacha sin cásanna eisceachtúla, bítear ag súil:

1. Gur tríd na staideanna príomha amháin a ghabhfaidh Deimhnithe arna n-eisiúint do Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe le linn a gciogal saoil.

2. Is féidir go rachadh líon beag Deimhnithe arna n-eisiúint Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe trí cheann nó dhó de na staideanna tánaisteacha sin.

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim leis na staideanna i nDeimhnithe CSBT i seachadadh a nEochracha ar fad, agus a nDeimhnithe ar fad. Ba cheart a nótáil gur féidir nach dtacófaí le staideanna áirithe Eochracha agus Deimhnithe ach mar chuid de nós imeachta.

Ní thacaíonn an CSBT le staid mar Dheimhniú sealadadh. Déantar Deimhnithe a eisiúint tar éis iarratas a chur isteach agus a fhaomhadh, agus meastar iad a bheidh in úsáid oibríochtúil de réir an TD a bhaineann le hábhar.

**Péirí Eochracha**

Bíonn péirí eochracha  faoi cheangal ag Deimhnithe agus téann na hEochracha as feidhm ar shíothlú an Deimhnithe.

Ní dhéantar péirí eochracha síothlaithe a athshannadh ná a athúsáid ar dhóigh ar bith eile.

### 1.1.5.1 Cruthú

Cruthaíonn an tÚdarás Deimhniúcháin a bhaineann le hábhar laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Deimhnithe tar éis dóibh iarratas údaraithe bailí a fháil maidir le:

1. Deimhnithe Nua.
2. Athnuachan Deimhnithe. Próiseas cruthaithe:

1. Iarratas formheasta, fíoraithe ar Dheimhniú ó chustaiméir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim trí shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie) agus trí mheán na bpróiseas gaolmhara cláraúcháin sin atá ag na Coimisinéirí Ioncaim.

2. Iarratas ar theastas a chruthú, chomh maith le Péire Eochracha in áit a bhaineann le Duine Formheasta nó le Duine Údaraithe.

3. Deimhniú nua a chruthú.

4. An Péire Eochracha a bhaineann leis an Deimhniú a cheangal le Duine Formheasta nó le Duine Údaraithe.

5. An Deimhniú a eisiúint, in éineacht leis an Eochair Phoiblí ghaolmhar i gcomhair úsáide oibríochtúil faoin dá chúinse seo a leanas:

- Ainm Ar Leith a bhaineann leis an Duine Formheasta nó leis an Duine Údaraithe agus leis an Aonán dá seasann siad.

- TD ábhartha.

Cruthaítear eochracha le húsáid in ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim taobh istigh de mhodúl daingean crua-earraí i saoráid fhisiciúil dhaingean, tar éis iarratas atá údaraithe mar is cuí maidir le Deimhniú a fháil. Cuirtear é sin ag obair trí nós imeachta arna fhormheas ag an Údarás Deimhniúcháin i BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaineann le hábhar agus ar a bhfuil cur síos sa TD a bhaineann le hábhar.

Cruthófar eochracha i gcomhair úsáide ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe san ÚD ROS ar ríomhaire an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe agus úsáidfer cód sínithe go digiteach chuige sin, arna thabhairt ag na Coimisinéirí Ioncaim don Duine Formheasta nó Duine Údaraithe. Déanfar an cód sin a athbhreithniú go neamhspleách ag triú páirtí iontaofa, arna cheapadh ag ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ainmneacha uathúla atá in ainmneacha aonán ag teacht le Caighdeán X.500 um Ainmneacha Ar Leith.

### 1.1.5.2 Úsáid Oibríochtúil

Tagann tacar Deimhnithe in úsáid go hoibríochtúil in am a n-eisithe agus fanann i mbuanúsáid go dtí go dtarlaíonn ceann de na nithe seo a leanas:

1. Síothlú.
2. Amhras nó cealú.

**Saolré Deimhnithe**

Saolré theoranta oibríochtúil a bhíonn ag Eochracha agus ag Deimhnithe, de réir mar a shocraíonn an TD ábhartha.

### 1.1.5.3 Síothlú

Síothlaíonn Deimhnithe go huathoibríoch ar shroichint a ndáta sannaithe síothlaithe, agus cuirtear an Deimhniú i gcartlann an uair sin.

Le nótáil:

1. Ní chuirtear síneadh le saol Deimhnithe, agus ní féidir síneadh a chur leis.
2. Ní atheisítear Deimhnithe Shíothlaithe, agus ní féidir iad a atheisiúint.

### 1.1.5.4 Cartlann

Coinnítear Deimhnithe Shíothlaithe i gcartlann ar feadh tréimhse nach lú ná deich (10) mbliana ó dháta a síothlaithe, muna sonraítear a mhalairt de sa TD ábhartha.

### 1.1.5.5 Amhras

Déantar Deimhnithe in úsáid go hoibríochtúil a chealú faoi réir ag nós imeachta sonraithe, i gcás go gcaitear amhras orthu. Meastar Deimhnithe a bheith faoi amhras má chaitear amhras ar shláine na hEochrach Príobháidí a bhaineann leis na hEochracha agus leis na Deimhnithe.

Ag teacht leis an TD ábhartha, ní fhanann Eochracha agus Deimhnithe a gcaitear amhras orthu i staid an amhrais ach ar feadh an ama a ghlacann sé socrú a dhéanamh i gcomhair a gcealaithe.

### 1.1.5.6 Cealú

Ciallaíonn deimhniú a chealú é a dhéanamh neamhbhailí as sin amach maidir le húsáid iontaofa ar bith a bhaint as teastas ná as an eochair phríobháideach síniúcháin a bhaineann leis.

Na cúinsí faoina gcealaítear Eochracha agus Deimhnithe:

1. Caitear amhras ar Eochair Phríobháideach an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe.

2. Bíonn mífhaisnéis nó earráidí i nDeimhnithe.

3. Tagann críoch leis an Aonán, mar shampla, trí bhás, trí leachtú nó trí dhíscaoileadh páirtíochta.

4. Ní bhíonn gá a thuilleadh le hEochracha agus le Deimhnithe, toisc nach ionadaí den Aonán feasta an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe, agus mar sin de.

Cuirtear Deimhnithe Cealaithe le hEolaire X.500 Liosta Deimhnithe Cealaithe na gCoimisinéirí (LDC). Ba cheart a nótáil go bhfuil an t-eolaire sin faoi réir ag na forálacha san Acht um Chosaint Sonraí (1998). Féach na mionsonraí sa TD ábhartha.

## 1.1.5.7 Oiriúint Oibríochtúil

Comhlíonann na hoibríochtaí Deimhnithe ar fad:

1. Na riachtanais pholasaí seo a leanas:

   - Polasaí Dheimhniú Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim

   - An RCD seo

   - Cleachtais agus polasaithe príobháideachais, idir fhoilsithe agus inmheánacha, ar a n-áirítear an tAcht um Chosaint Sonraí (1998)

   - Polasaithe inmheánacha slándála agus nósanna imeachta oibríochta

2. Na riachtanais teicneolaíochta seo a leanas:

   - Treoirlínte ábhartha inmheánacha maidir le hacmhainní teicneolaíochta a chosaint

   - Seirbhísí eolaire X.500

   - Formáid Deimhnithe X.509

   - Formáid LDC X.509

- Caighdeáin X.500 um Ainmneacha Ar Leith
- Formáid PKCS#7 um Chriptiú Digiteach agus Sínithe Digiteacha
- Formáid PKCS#10 um fhormáid Iarrtha Deimhnithe
- Formáid PKCS#12 um fhormáid Malartaithe Faisnéise Pearsanta
- Caighdeáin aitheanta BEP agus gnáis aitheanta BEP

.

3. Caighdeáin ábhartha iomchuí, idir idirnáisiúnta agus náisiúnta maidir le hoibríochtaí BEP.

## 1.1.6 Bonneagar Oibríochtúil BEP

Úsáideann bonneagar oibríochtúil BEP na gCoimisinéirí Ioncaim táirgi formheasta ó sholáthraí seirbhísí ósta BEP. Iompaíonn na táirgí sin feidhmeanna bainistíochta Eochracha agus Deimhnithe ina bhfeidhmeanna uathoibríocha.

**Fearann Seirbhíse ÚC**

Is é is fearann seirbhíse ÚC ann, ÚC ag obair faoi BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá na ÚC sin freagrach as feidhmeanna clárúcháin úsáideoirí agus iarratais ó aonáin a éascú maidir le heochracha a chruthú. Muna gcuirtear a mhalairt in iúl trí TD, déanann na Coimisinéirí Ioncaim an fheidhm ÚC i gcomhair BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Nótáil, le do thoil, go gcuireann feidhmchlár Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim cuid den fheidhmíocht ÚC ar fáil taobh istigh de thimpeallacht ÚD ROS, mar atá, clárú úsáideora a thionscain, agus cabhrú le próiseas cruthaithe eochracha i dtimpeallacht ríomhaireachta an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe.

**Fearann Seirbhíse Úsáideora**

Cuimsíonn fearann seirbhíse úsáideoirí aonáin a usáideann nó a bhíonn ag brath ar Dheimhnithe maidir le fíordheimhniú, le sláine, le neamhshéantacht agus le rúndacht.

## 1.1.7 Scóip

Tá ceangal ar gach páirti laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim déanamh de réir na gcleachtas ar a bhfuil cur síos san RCD seo, trí mheán na bhfreagrachtaí eadarnasctha conartha, na n-oibleagáidí agus na ndualgas idir BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe.

San RCD seo tugtar le chéile faisnéis as doiciméid eile maidir le cleachtais um eisiúint, úsáid agus bailíochtú Deimhnithe, agus i gcothabháil oibríochtúil bhonneagar an BEP. I measc rudaí eile, cuimsíonn an RCD seo:

1. Na haicmí Deimhnithe is féidir a chruthú.
2. Bunú ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS.
3. Feidhmeanna agus oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS.
4. Clárú Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe.
5. Feidhmeanna agus oibleagáidí Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe.
6. An próiseas faoina gceadaítear aicmí nua Deimhnithe agus polasaí Deimhnithe.

## 1.1.8 Fealsúnacht Slándála

I ngach cás, oibríonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim chun:

1. Eochracha agus Deimhnithe a chruthú faoi chúinsí slándála agus cosaint iomchuí a chur in áit lena ndíonadh ar a gcur faoi amhras, a athrú, a nochtadh, a chailliúint nó a n-úsáid gan údarás.
2. Teagmhais neamhúdaraithe agus gníomhartha neamhúdaraithe a fhionnadh agus a chur ar an taifead.

Clúdaíonn na nósanna imeachta sin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, a bhfuil ceangal air féachaint chuige gur Duine Formheasta nó Duine Údaraithe amháin a chuirtear ar an eolas maidir le hEochrach Príobháideacha agus le luacha Paschainteanna gaolmhara.

## 1.1.9 Socruithe Foirne

Tá cleachtais pearsanra agus bainistíochta curtha in áit ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim chun iontaofacht, ionracas agus iompar gairmiúil a lucht foirne agus a ghníomhairí uile a chinntiú i mbun a oibríochta.

Cuirtear na caighdeáin seo a leanas i bhfeidhm, ó thaobh pearsanra de:

1. Déantar gach ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a earcú de réir nós imeachta earcaíochta Rialtas na hÉireann.

2. Glacann gach ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus gach ball foirne fostaithe ag gníomhairí móid rúndachta faoin Acht um Rúin Stáit (1963).

3. Déantar gach ball foirne oibríochta BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a thraenáil go hiomchuí, rud a chuimsíonn:

    - Coincheapanna bunúsacha BEP

    - Maidir le lucht foirne ÚD a bhaineann le hábhar, conas míniú a thabhairt do lucht iarrtha Deimhnithe ÚC i dtaobh na bhfreagrachtaí a ghabhann le péirí eochracha a bheith ina seilbh, a úsáid agus a oibriú

    - Conas míniú a thabhairt do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe i dtaobh na bhfreagrachtaí a ghabhann le hEochracha agus le Deimhnithe a bheith ina seilbh, a úsáid agus a oibriú

    - Brí agus éifeacht na gCoinníollacha Úsáide a bhaineann leis na hEochracha agus leis na Deimhnithe.

### 1.1.10 Ceart Fiosraithe Socruithe

Déanann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim forchoimeád ar a cheart gach fiosrú a bhaineann le réasún a dhéanamh, ag teacht leis na téarmaí agus leis na coinníollacha a d’fhoilsigh siad, d’fhonn bailíocht iarratas cealaithe a dheimhniú.

## 1.2 Aitheantas

Tugtar “RCD na gCoimisinéirí Ioncaim” ar an RCD seo.

## 1.3 Pobal agus Infheidhmitheacht

Tacaíonn an RCD seo leis na nithe seo a leanas:

1. Na seirbhísí uile ÚD agus ÚC a oibríonn faoi BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, agus atá laistigh den “slabhra iontaoibhe” atá ag na Coimisinéirí Ioncaim.

2. Na Deimhnithe ar fad a eisítear faoi BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Dá thoradh sin, ceadaíonn na cleachtais a bhfuil cur síos orthu sa doiciméad seo réimse leathan éagsúil maidir le:

1. Cineálacha Deimhnithe, ag tacú le hidirbhearta aonair agus neamh-aonair ina bhfuil leibhéil éagsúla faisnéise, leochailleachta agus luach airgeadais.

2. Aonáin Foircinn, ar a n-áirítear:
   - Daoine aonair
   - Eagraíochtaí, cuideachtaí, iontaobhais agus páirtíochtaí
   - Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus údaráis.
   - Daoine arna bhfostú ag na dreamanna thuasluaite.

Ní mór do na cleachtais san RCD seo:

1. Freastal ar an éagsúlacht sa phobal agus ar scóip na feidhmíochta i slabhra iontaoibhe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

2. Cloí le cuspóir príomha an RCD, .i. cothroime agus éifeacht na gcleachtas a chinntiú ó cheann ceann an BEP.

Ag teacht lena gcuspóir príomha, tá na cleachtais sa doiciméad seo:

1. Ina mbunriachtanais chun féachaint chuige go mbíonn an leibhéal forchinntithe is mó ag Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe, agus go ndéantar feidhmeanna cinniúnacha a sholáthar ag leibhéil iomchuí iontaoibhe.

2. Bainteach le lucht leasmhara BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ar fad maidir le cruthú, le heisiúint, le húsáid agus le bainistiú na nDeimhnithe ar fad.

## 1.3.0 Údaráis um Polasaí

### 1.3.0.1 Údarás Um Cheadú Polasaí (ÚCP) na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá an ÚCP freagrach as polasaí uathúil a chruthú maidir le hoibríocht BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an ÚCP freagrach as cinntí polasaí a shocrú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh ó cheann ceann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.
Beidh ionadaithe de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus páirtithe eile san ÚCP, mar a shonraítear i mBunreacht an ÚCP.

#### 1.3.0.1.1 Feidhmeanna an ÚCP

Is iad seo na feidhmeanna a chuireann ÚCP i gcrích:

1. Polasaí nua agus athruithe polasaí a fhoirmliú.

2. Polasaí nua agus athruithe polasaí a cheadú, más cuí.

3. Féachaint chuige go gcuirtear an RCD agus na TDanna i bhfeidhm.

#### 1.3.0.1.2 Sonraí Teagmhála an ÚCP

Is féidir dul i dteagmháil leis an ÚCP trí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 1.3.1 Údaráis Deimhniúcháin

### 1.3.1.1 Údaráis Deimhniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim

Baineann cuspóir príomha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a Dheimhniú féin a shíniú agus oibriú faoi ordlathas BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le hancaire iontaoibhe a sholáthar, mar aon le seirbhísí bainistíochta teastas (cruthú, oibríocht úsáide, amhras, cealú agus síothlú) i gcomhair údarás idirghabhála ag obair ar son Údarás Deimhniúcháin Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS), laistigh dá bhfearainn polasaí féin.

#### 1.3.1.1.1 Feidhmeanna ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Is iad seo na feidhmeanna a chuireann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim i gcrích:

1. A chuid eochracha féin a chruthú agus Deimhniú féinsínithe a eisiúint, mar aon le hEochair Phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a fhoilsiú leis an hais a bhuanaíonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim mar bhuaicphointe iontaoibhe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

2. Gach TD faoina n-eisíonn sé Deimhnithe a fhoilsiú, mar aon leis an RCD seo ar Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín D).

3. Eochair Phoiblí ÚD ROS a dheimhniú.

4. BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a oibriú i modh éifeachtach iontaobhach, faoi réir ag:
    - Coincheap Oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim
    - An TD faoina n-eisíonn siad Deimhnithe
    - An RCD seo
    - An Polasaí Slándála Córais do BEP na gCoimisinéirí Ioncaim
    - Nós imeachta oibríochtaí inmheánach arna cháipéisiú.

5. Deimhnithe a eisiúint de réir TD ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.

6. Deimhnithe a d'eisigh sé a chealú ar iarratais fhíordheimhnithe a fháil, nó nuair a chaitear amhras orthu.

7. Deimhnithe i ndiaidh a gcealaithe a chlárú i LDC na seirbhísí eolaire.

8. Iniuchtaí tráthrialta a reáchtáil agus iniúchtaí seachtracha a éascu.

#### 1.3.1.1.2 Sonraí Teagmhála ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, Teach Trident, An Charraig Dhubh, Contae Átha Cliath. Guthán: 1890 201106 R-phost:roshelp@revenue.ie. Foilsítear sonraí teagmhála ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim i ngach TD faoina n-eisíonn siad Deimhnithe, nó is féidir go molfar sa TD seoladh eile idirlín nó suíomh eile inar féidir teacht ar na sonraí teagmhála.

### 1.3.1.2 Údaráis Deimhniúcháin Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim

#### 1.3.1.2.1 Feidhmeanna ÚD ROS

Is iad seo na feidhmeanna a chuireann ÚD ROS i gcrích:

1. An TD um Eochracha agus Deimhnithe a eisíonn ÚD ROS a fhoilsiú.

2. Deimhnithe a eisiúint do Dhaoine Formheasta nó do Dhaoine Údaraithe de réir an TD ábhartha. Ba cheart a nótáil go gcuirfear an próiseas cruthaithe eochracha do chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm laistigh de thimpeallacht ríomhaireachta an chustaiméara féin.

3. Eolair X.500 a choinneáil i gcomhair úsáid inmheánach BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, ina gcláróidh sé eolas faoi Dheimhnithe (féach alt 2.6.3).

4. Monatóireacht a dhéanamh ar a oiriúnacht don TD ábhartha.

#### 1.3.1.2.2 Sonraí Teagmhála ÚD ROS

Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim,

Teach Trident,

An Charraig Dhubh,

Contae Átha Cliath.

Guthán: 1890 201106

R-phost: roshelp@revenue.ie

## 1.3.2 Údaráis Chlárúcháin

Is é BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a aithníonn na Daoine Formheasta agus na Daoine Údaraithe dá n-eisíonn sé Eochracha agus/nó Deimhnithe trí thagairt don fhaisnéis agus don nós imeachta a riarann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní féidir an fhaisnéis sin a thabhairt do dhuine ar bith eile faoi chúinsí ar bith.

## 1.3.3 Aonáin Cheadaithe agus Daoine Údaraithe

Cuimsíonn an téarma "Aonán":

- Daoine aonair
- Eagraíochtaí
- Cuideachtaí
- Iontaobhais
- Páirtíochtaí
- Custaiméirí eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim
- Duine/daoine eile arna sonrú sa TD ábhartha

Tagraíonn an téarma "Duine Formheasta" do dhuine aonair dár eisíodh Deimhnithe faoi réir ag na forálacha sa Pholasaí nó sna Polasaithe iomchuí Deimhnithe agus atá mar ionadaí ag an Aonáin maidir le cumarsáid leis na Coimisinéirí Ioncaim trí Sheirbhís Ar

Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tagraíonn an téarma “Duine Údaraithe” do dhuine aonair dár eisíodh Deimhniú faoi théarmaí an RCD seo ar iarratas ó Dhuine Formheasta.

Cruthóidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim péirí eochracha ar bhealach a chinnteoidh gur ag an Duine Formheasta nó ag an Duine Údaraithe amháin a bheidh rochtain ar an Eochair Phríobháideach.

Caithfidh Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe céimeanna réasúnta slándála a ghlacadh lena nEochracha Príobháideacha a dhíonadh ar amhras.

### 1.3.3.1 Feidhmeanna Daoine Formheasta agus Údaraithe

Bíonn sainmhíniú ar fheidhmeanna an Duine Fhormheasta agus an Duine Údaraithe le fáil i dTéarmaí Úsáide na gCoimisinéirí Ioncaim nó sa TD ábhartha.

### 1.3.3.2 Sonraí Teagmhála na nDaoine Formheasta (Duine Formheasta nó Duine Údaraithe)

Is féidir na sonraí teagmhála seo a leanas don Duine Formheasta nó don Duine Údaraithe a fhoilsiú i nDeimhnithe Eochrach Poiblí an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe, ag teacht le caighdeáin X.509:

1. Ainm an Aonáin agus ainm an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe in Ainm Ar Leith an Aonáin Foircinn i réimsí Eagraíochta “O” agus Gnáthainm “CN”.

2. Uimhir Rochtana ROS (URR) in Ainm Ar Leith an Aonáin Foircinn sa réimse Aonad Eagraíochta “OU”.

Coinníonn na Coimisinéirí sonraí teagmhála an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe ina rún.

## 1.3.4 Infheidhmitheacht

Úsáidtear Deimhnithe arna n-eisiúint ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim mar thaca le

timpeallacht dhaingean le faisnéis a mhalartú, mar is gá chun críocha na reachtaíochta a bhíonn á riaradh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Níos déanaí anonn, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cead a thabhairt Eochracha agus/nó Deimhnithe arna n-eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim a úsáid chun críocha tráchtála leictreonaí níos leithne agus malartú faisnéise i dtimpeallacht dhaingead idir Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe agus an Rialtas.

Is féidir le pobal úsáidte BEP na gCoimisinéirí Ioncaim breathnú ar na cleachtais ar a bhfuil cur síos san RCD seo:

1. Mar chleachtais chun nós imeachta caighdeánach agus seirbhís den scoth a sheachadadh ó cheann ceann an BEP.

2. Mar chleachtais chun ardleibhéil iontaoibhe agus ionracais a chothú agus a chur chun cinn ó cheann ceann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 1.3.4.1 Srian le Deimhnithe a Úsáid

Sonraítear srianta ar úsáid Eochracha agus Deimhnithe sa TD faoina n-eisítear na Deimhnithe. Féadfaidh na srianta sin a bheith bainteach le teorainneacha nó fororduithe maidir le:

1. Pobal na spéise.

2. Coinníollacha is gá a shásamh sula n-eisítear Deimhniú.

3. Úsáid réadúil an Deimhnithe.

4. Céimeanna próiseála nó gníomhartha eile is gá a chur i gcrích tar éis úsáid a bhaint as Deimhniú.

Tá ceangal ar Dhaoine Formheasta agus ar Dhaoine Údaraithe a fhaigheann Deimhnithe ó BEP na gCoimisinéirí Ioncaim gan na Deimhnithe sin a úsáid ach ar an mbealach agus chun críocha arna bhforordú i TD ábhartha. Ní thacaíonn an RCD seo ar bhealach ar bith le húsáid Deimhnithe i modh nó chun críocha nach mbíonn ag teacht le TD ábhartha, ná ní thugann aitheantas ar bith dóibh.

# 1.4 Sonraí Teagmhála

## 1.4.1 Eagraíocht Riartha Sonraíochta

Tá an RCD seo á riaradh ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 1.4.2 Duine Teagmhála

Ba cheart fiosruithe agus comhfhreagras ar bith eile maidir leis an doiciméad seo a chur chuig ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim; féach alt 1.3.1.1.2.

# 2 Forálacha Ginearálta

## 2.1 Oibleagáidí

### 2.1.1 Oibleagáidí Ginearálta

Soláthróidh ÚD ROS bonneagar daingean i gcomhair oibríocht Eochracha agus Deimhnithe trí mhodhanna cripteagrafacha Eochracha Poiblí. Beidh ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim mar bhuaicphointe na hiontaoibhe i BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Déantar Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe:

1. A chur ar an eolas maidir lena ndualgais agus lena n-oibleagáidí tríd an TD maidir leis an dóigh ar cheart dóibh sábháilteacht, cosaint agus sláine Eochracha Príobháideacha a chinntiú.

2. A chur faoi cheangal Coinníollacha áirithe Úsáide a shásamh maidir le saghasanna áirithe Eochracha agus Deimhnithe.

3. A chur faoi cheangal gan cur isteach ar bhonneagar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, dochar a dhéanamh dó ná féachaint le cur isteach air nó le dochar a dhéanamh do BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

    - Arna struchtúrú agus á oibriú i mbealach ina gcuirtear srian le rioscaí a bhaineann le hamhras a chaitheamh air nó dochar a dhéanamh dó d'aon ghnó ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe

    - Sonraithe ag polasaí slándála ina ndéantar soláthar maidir le hiarrachtaí ar a bhonneagar a dhamáistiú a fhionnadh go luath agus dóthain fianaise a bhailiú i gcomhair ionchúisithe.

.

### 2.1.2 Oibleagáidí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

Ní féidir athruithe a chur i bhfeidhm ar an RCD ach faoi údarás ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim. I measc na gcúinsí as ar féidir iarratais ar athruithe a theacht, tá:

1. Athrú mandáide ar riachtanais Rialtas na hÉireann.

2. Athrú teicneolaíochta ar an teicneolaíocht atá mar thaca ag an BEP.

3. Athrú is gá chun caighdeáin fhoilsithe Idirnáisiúnta, Eorpacha nó Éireannacha a shásamh.

### 2.1.2.1 Oibleagáidí ÚCP

Is féidir go bhfaigheadh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim fógra ón ÚCP maidir le hathruithe ar bith is gá a dhéanamh ar an RCD seo. Bíonn cur síos sa TD ábhartha ar Oibleagáidí Ginearálta an ÚCP maidir le TD a cheadú agus an polasaí bonneagair a bhaineann le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a choinneáil slán.

### 2.1.2.2 Oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuimsíonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim bogearraí, crua-earraí agus nósanna imeachta. Úsáidtear bogearraí Údarás Deimhniúcháin Keon de chuid RSA Security (KCA) i gcomhair eisiúint agus bainistiú teastas ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. Is iad lucht foirne BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus an tseirbhís ósta a bhaineann leo a bhíonn i bhfeighil na bpróiseas agus na nósanna imeachta a bhaineann le heisiúint agus le bainistiú teastas. Is iad oibleagáidí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim ná:

- Deimhniú a eisiúint dó féin
- Iarratais maidir le Deimhnithe a ghlacadh isteach agus a fhíordheimhniú de réir TD ábhartha
- Deimhnithe a eisiúint do ÚD ROS
- Deanamh de réir an TD ábhartha agus na gcleachtas a leagtar síos san RCD seo, agus féachaint chuige go ndéanfaidh a lucht foirne agus a chonarthóirí amhlaidh
- Faisnéis a choinneáil i dtaobh na nDeimhnithe in Eolaire sonraithe X.500 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim
- Liosta teastas cealaithe (LDC) a eisiúint agus a fhoilsiú, de réir mar is gá
- Iarratais um chealú a ghlacadh isteach agus teastais eisithe ag an ÚD a chealú de réir an TD ábhartha; agus
- Deimhnithe nua a eisiúint de réir TD ábhartha. Déanann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a oibligeáidí faoin RCD seo ar an mbealach seo a leanas:

1. Seirbhísí ÚD, ÚC agus seirbhísí eile BEP a sholáthar.
2. Iarrachtaí réasunta féachaint chuige go ndéanann sé oibríocht éifeachtach agus iontaofa a reáchtáil. Áirítear mar "iarrachtaí réasunta" i measc rudaí eile, ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ag obair de réir na nithe seo a leanas:

    - Nósanna imeachta inmheánacha arna gcáipéisiú
    - An RCD seo

- Laistigh de reachtaíocht ábhartha

3. An RCD seo a choinneáil i bhfeidhm agus na cleachtais ar a bhfuil cur síos ann a fhorfheidhmiú.

4. Deimhnithe a eisiúint atá cruinn ceart de réir a chuid eolais in am a n-eisiúna, agus iad gan earráidí iontrála.

### 2.1.2.3 ÚD ROS ag Obair faoi ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Cuimsíonn ÚD ROS bogearraí, crua-earraí agus nósanna imeachta. Úsáidtear bogearraí Údarás Deimhniúcháin Keon de chuid RSA Security (KCA) i gcomhair eisiúint agus bainistiú teastas ROS. Is iad lucht foirne BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus an tseirbhís ósta a bhaineann leo a bhíonn i bhfeighil na bpróiseas agus na nósanna imeachta a bhaineann le heisiúint agus le bainistiú teastas.

Is iad oibleagáidí ÚD ROS ná:

- Iarratais maidir le Deimhnithe a ghlacadh isteach agus a fhíorú de réir TD ábhartha
- Deimhnithe a eisiúint do ÚD ROS
- Deanamh de réir an TD ábhartha agus na gcleachtas a leagtar síos san RCD seo, agus féachaint chuige go ndéanfaidh a lucht foirne agus a chonarthóirí amhlaidh
- Faisnéis a choinneáil i dtaobh na nDeimhnithe in Eolaire sonraithe X.500 de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim
- Féachaint chuige go n-úsáidtear an eochair phríobháideach chun teastais a shíniú chun teastais agus CRLanna a shíniú, agus chuige sin amháin.
- Liosta teastas cealaithe (LDC) a eisiúint agus a fhoilsiú i do gach tréimhse 24 uair, ar a laghad.
- Iarratais um chealú a ghlacadh isteach agus teastais eisithe ag an ÚD a chealú de réir an TD ábhartha; agus
- Deimhnithe nua a eisiúint de réir TD ábhartha.

### 2.1.2.4 Oibleagáidí ÚC

Déanfaidh Údaráis Chlárúcháin (ÚCanna) ag feidhmiú faoi BEP na gCoimisinéirí Ioncaim de réir gach TD ábhartha, agus féachfaidh siad chuige go ndéanfaidh a lucht foirne oibríochtaí amhlaidh.

Tá ceangal ar ÚCanna ag feidhmiú faoi BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

- déanamh de réir an RCD seo agus féachaint chuige go ndéanfaidh a lucht foirne oibríochtaí amhlaidh; agus,
- Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe a aithint i gcomhair ÚD na gCoimisinéirí Ioncaims, trí phróiseas arna sonrú ag na Coimisinéirí Ioncaim; agus,
- sláine agus seilbh eochracha cruthaithe ag Duine Formheasta nó Údaraithe arna gcur isteach i gcomhair a ndeimhnithe;
- iarratais i gcomhair deimhnithe a chur chuig ÚDanna na gCoimisinéirí Ioncaim ar son Daoine Formheasta; agus,
- glacadh le teastais Duine Formheasta nó Duine Údaraithe eisithe ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaims;
- is féidir leo iarratais um chealú demhnithe a dhéanamh;
- iarratais um chealú a ghlacadh isteach; agus
- eochracha nua a chruthú le haghaidh Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe, nó glacadh le heochracha nua ar son Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe a mbíonn drochamhras orthu gur cuireadh na heochracha nó na Deimhnithe i mbaol amhrais, tar éis dóibh céannacht an Duine Fhormheasta agus an Duine Údaraithe a fhiosrú.

Oibreoidh Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim mar chuid den Údarás Clárúcháin don ÚD ROS laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 2.1.3 Oibleagáidí Aonán, Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe

Bíonn ceangal ar Dhaoine Formheasta agus ar Dhaoine Údaraithe faoi na TD ábhartha:

1. Faisnéis fhíor, bheacht a chur ar fáil do BEP na gCoimisinéirí Ioncaim i ngach am.
2. Dóthain fianaise a sholáthar maidir le hábhar a theastaíonn chun riachtanais athnuachana maidir le Deimhniú úsáideora a shásamh.
3. A nEochracha Poiblí agus a nDeimhnithe a bheith foilsithe in Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim.
4. BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas láithreach bonn maidir le hearráid ar bith ina nDeimhnithe nó locht ar bith orthu, nó athruithe iarmartacha ar an bhfaisnéis a bhaineann le Deimhnithe.
5. An TD ábhartha agus an RCD seo a léamh sula n-úsáidfidh siad a n-Eochracha agus a

nDeimhnithe.

6. A nEochracha agus a nDeimhnithe a úsáid de réir TD ábhartha, agus dá réir sin amháin.

7. Sábháilteacht agus sláine a nEochracha Príobháideacha a chinntiú, rud a chuimsíonn:

   - Rochtain a shrianú maidir leis na meáin ríomhaireachta ina gcoinnítear a n-Eochracha Príobháideacha

   - An mheicníocht rialaithe rochtana a chosaint maidir lena n-Eochracha Príobháideacha (mar shampla, luach Pasphrása a úsáid)

8. BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas láithreach bonn maidir le hócáid ar bith ina gcaitear amhras ar phéire eochracha nó ina mbíonn cúis acu le ceapadh gur péire eochracha faoi amhras iad.

9. Aird mar is cuí agus breithiúnas réasunta a chur ag obair sula ndéanfar cinneadh dul ag brath ar shíniú digiteach, rud a chuimsíonn cinneadh maidir le ceist a chur i dtaobh stádas an Deimhnithe ábhartha.

### 2.1.4 Oibleagáidí ar Pháirtí ag Brath

Níl oibligeáidí ar bith ar Pháirtithe ag Brath faoin RCD seo. An áit a mbíonn oibligeáidí i gceist, foilsítear sa TD ábhartha iad.

Nótáil gur Páirtí ag Brath laistigh de ÚD ROS feidhmchlár ROS.

### 2.1.5 Oibleagáidí Stóir

Is é Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim a oibríonn feidhmeanna Stór na Coimisinéirí. Is iad na Coimisinéirí Ioncaim agus a ngníomhairí ainmnithe amháin atá in ann an stór sin a rochtain.

Is é BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a sholáthraíonn bonneagar oibríochtúil Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim agus a choinníonn ar siúl é.

## 2.2 Dliteanas

Tá bearta tugtha isteach ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim chun a dhliteanas a mhaolú nó a theorannú, i gcás go dteipeann ar bhearta cosanta a chuid acmhainní:

1. Bac a chur ar mhí-úsáid na n-acmhainní sin ag pearsanra údaraithe.

2. Toirmeasc a chur ar rochtain na n-acmhainní sin ag daoine neamhúdaraithe. Áirítear ar na bearta sin:

1. Teagmhais a aithint, mar aon le gníomhartha iomchuí aisghabhála i bPlean Gnó Leanúntais.

2. Sonraí córais a chúltacú go tráthrialta.

3. Bogearraí reatha oibríochta a chúltacú, mar aon le comhaid áirithe cumraíochta.

4. Gach cúltaca a stóráil i stórais dhaingne go hinmheánach agus go seachtrach.

5. Stóras daingean seachtrach a choinneáil maidir le hábhar eile a bheadh ag teastáil i gcomhair aisghabhála i gcás tubaiste.

6. Cúltacaí inmheánacha agus seachtracha a thástáil go tráthrialta, d'fhonn a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis iontu in-aisghabhála i gcás teipe.

7. An Plean Gnó Leanúntais a athbhreithniú go tráthrialta maidir le sainaithint, le hanailís agus le measúnú rioscaí agus le tosaíocht a shocrú dóibh.

8. An soláthar cumhachta leanúnach a thástáil go tráthrialta. Leagtar amach sna TDanna cúrsaí a bhaineann go sainiúil le dliteanas.

# 2.2.1 Dliteanas Aonáin

# 2.3 Freagracht Airgeadais

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

## 2.3.1 Urrús ag Páirtithe ag Brath

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

## 2.3.2 Caidreamh Muiníne

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

## 2.3.3 Próisis Riaracháin

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

# 2.4 Léirmhíniú agus Forfheidhmiú

## 2.4.1 Reachtaíocht Rialúcháin

Tá an RCD faoi réir ag reachtaíocht i bhfeidhm  bPoblacht na hÉireann.

## 2.4.2 Inscarthacht, Maireachtáil, Cumasc, Fógra

### 2.4.2.1 Inscarthacht

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

### 2.4.2.2 Maireachtáil (Oibleagáidí leanúnacha)

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

### 2.4.2.3 Cumasc

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

### 2.4.2.4 Fógra

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

### 2.4.2.5 Gníomh Fógra

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

### 2.4.2.6 Admháil as Fógra

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

### 2.4.3 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí

Tá ráiteas um réiteach díospóidí i ngach TD.

# 2.5 Táillí

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

# 2.6 Foilsiú agus Stóráil

## 2.6.1 Faisnéis BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a Fhoilsiú

Bíonn fáil ar an RCD seo i bhformáid leictreonach (PDF) agus i gcló ó Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim (féach Aguisín D maidir lena rochtain).

## 2.6.2 Minicíocht a Foilsithe

Déantar leaganacha nua-cheadaithe an RCD seo a fhoilsiú gan mhoill, mar aon lena TD ábhartha.

## 2.6.3 Rialuithe Rochtana

Níl rialuithe rochtana ar bith ann maidir leis an RCD nó TD ábhartha a léamh ar na suímh idirlín a ainmnítear lena bhfoilsiú.

Cuirtear srian le faisnéis a bhaineann le Deimhnithe (CRLanna) a rochtain in Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le Deimhnithe eisithe do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe, mar atá, srian i bhfoirm fiosraithe aonair ainmnithe ag oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Úsáidtear Rialuithe iomchuí Rochtana lena chinntiú gur pearsanra údaraithe amháin a bhíonn i gcumas iontrálacha in Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim a scríobh nó a athrú.

## 2.6.4 Stóir

Cuirtear Stór BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil trí Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim. Stórálann an t-eolaire sin eolas Deimhnithe do gach Deimhniú a eisíonn Údaráis Deimhniúcháin laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ní stórálann Eolaire X.500 na gCoimisinéirí Ioncaim eolas a bhaineann le hEochracha Príobháideacha de chineál ar bith.

Ní stórálann an tEolaire eolas rúnda ar bith.

# 2.7 Iniúchadh um Chomhlíonadh

## 2.7.1 A Mhinice is a Dhéantar Aonán a Iniúchadh um Comhlíonadh

Cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh cuimsitheach i gcrích maidir le comhlíonadh cleachtas arna gcáipéisiú i BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. Laistigh de bhliain ó thús oibríochta ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.

2. Am ar bith eile ina mbíonn sé sin cuí, dar leo.

## 2.7.2 Céannacht/Cáilíochtaí Iniúchóra

Is é an ÚCP a aithneoidh agus a cheapfaidh an tIniúchóir.

## 2.7.3 Caidreamh Iniuchóra le Páirtí Faoi Iniúchadh

Is daoine arna gceapadh ag na Coimisinéirí Ioncaim a chuirfidh iniúchtai seachtracha i gcrích.

## 2.7.4 Topaicí arna gClúdadh ag Iniúchadh

I measc na dtopaicí a chlúdaítear faoi iniúchadh um chomhlíonadh tá na cinn a chludaíonn polasaithe agus nós imeachta BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 2.7.5 Gníomhartha arna nGlacadh de Thoradh Uireasa

Tugtar cóip den Tuarascáil Iniúchta:

- Do na Coimisinéirí Ioncaim

- Don ÚCP

I gcás go n-aimsítear neamhrialtachtaí, déanfaidh Bainisteoir Straitéise ROS, Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim, maoirseacht go pras ar ghníomh leasaithe iomchuí, nó cuirfidh i bhfeidhm é.

## 2.7.6 Torthaí a Chur in Iúl

Meastar gur faisnéis íogair a bhíonn i dtorthaí iniúchta. Muna sonraítear a mhalairt, déantar iad a chosaint faoi alt 2.9.

# 2.8 Rúndacht agus Príobháideachas

## 2.8.1 Cineálacha Faisnéise le Coinneáil ina Rún

### 2.8.1.1 Prionsabail um Príobháideachas Faisnéise an Rialtais a Chur i bhFeidhm

Tá faisnéis phearsanta, mar a shainmhínítear é sin san Acht um Chosaint Sonraí 1988 (An tAcht) arna soláthar ag nó ar son Phoblacht na hÉireann, clúdaithe ag na Prionsabail um Chosaint Sonraí a leagtar síos san Acht. Tá ceangal ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim oibriú go huile is go hiomlán laistigh de riachtanais an Achta.

### 2.8.1.2 Faisnéis um Uimhir Cánach

Cé gur féidir Uimhir Chánach a úsáid chun céannacht Aonáin, Duine Fhormheasta agus Duine Údaraithe a dheimhniú, ní dhéanfar an t-eolas sin a nochtadh ná a úsáid sna hEochracha ná sna Deimhnithe.

Úsáidtear an téarma Faisnéis um Uimhir Cánach chun méar a dhíriú ar uimhir nó uimhreacha nó aitheantóirí eile, arna sannú ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha a bhaineann le sainaithint i gcumarsáid thráchtála idir aonáin agus na Coimisinéirí Ioncaim. Mar shampla, na huimhreacha CBL agus Uimhreacha Aitheantais na gComhairleoirí Cánach (UACC).

Ní chuimsíonn an sainmhíniú ar cad is Faisnéis um Uimhir Cánach ann Uimhir Rochtana ROS (URR), agus déanfar a nochta i nDeimhnithe mar chuid den Ainm Ar Leith.

### 2.8.1.3 Faisnéis Chlárucháin

Ní féidir faisnéis arna bailiú nó arna coinneáil ag na Coimisinéirí a nochta don tríú páirtí, ach faoi réir ag an Acht um Rúin Stáit (1963) agus ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (1998).

### 2.8.1.4 Faisnéis Deimhnithe

Ag am a chláraithe, is féidir go mbeadh Faisnéis Phearsanta i measc an eolais a bhaileodh na Coimisinéirí Ioncaim.

Cuirfear cuid den fhaisnéis sin isteach sa Deimhniú, faoi réir ag coinbhinsin Ainn Ar Leith arna gceadú ag an ÚCP, de bhun *ITU -T Recommendation X.500 (1993) ISO/IEC 9594 -1:1993, Information technology -Open Systems Interconnection -The Directory: Overview of Concepts, Models and Services*.

Ní mheastar gur faisnéis faoi rún eolas a chuirtear isteach i nDeimhnithe ag teacht leis an

alt roimhe seo, mar shampla, ainm Duine Fhormheasta nó Duine Údaraithe maidir le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Meastar gur faisnéis faoi rún gach eolas eile faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid den phróiseas clárúcháin.

#### 2.8.1.5 Cáipéisí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

Bíonn eolas nach ceadmhach a shaoráil i gcuid de na cáipéisí is gá BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a oibriú.

### 2.8.2 Cineálacha Faisnéise nach Meastar gur Ábhar Rúnda

#### 2.8.2.1 Faisnéis Deimhnithe

Tá ceangal ar na Coimisinéirí Ioncaim daoine a d'fhéadfadh a bheith ina nDaoine Formheasta nó ina nDaoine Údaraithe, chomh maith le Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe eile, a chur ar an eolas nach gcaitear mar fhaisnéis faoi rún le faisnéis a bhíonn ar an Deimhniú, trína n-aithnítear an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe, ach go meastar an fhaisnéis sin a bheith ina eolas Poiblí nuair a bhíonn an Deimhniú in úsáid chun críocha beartaithe.

#### 2.8.2.2 Cáipéisí na gCoimisinéirí Ioncaim

Doiciméid phoiblí is ea na cáipéisí seo a leanas de chuig na gCoimisinéirí Ioncaim agus ní mheastar iad ina bheith ina bhfaisnéis faoi rún:

1. TDanna arna n-eisiúint ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ag ÚD ROS.

2. An RCD seo.

3. Polasaí Príobháideachais (Poiblí).

### 2.8.3 Cealú/Faisnéis Deimhnithe a Nochtadh

Ní féidir faisnéis i dtreo cinneadh faoi chealú Eochracha agus Deimhnithe a shaoráil don tríú páirtí.

### 2.8.4 Saoráil le haghaidh Oifigeach Forfheidhmithe Dlí

Mar phrionsabal ginearálta, ní dhéanfar doiciméad ná taifead le nó laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a shaoráil ar iarratas ó ghníomhairí ná ó oifigigh forfheidhmithe dlí, ach amháin:

1. I gcás go ndéantar barántas cóir a sholáthar, nó go mbíonn ceangal dlíthiúil ann an fhaisnéis a nochtadh.

2. I gcás go n-aithnítear mar is cuí an t-oifigeach forfheidhmithe dlí.

**Ainneoin a bhfuil ráite thuas, ní choinneoidh na Coimisinéirí Ioncaim cóip d'Eochracha Príobháideacha Daoine Formheasta ná Daoine Údaraithe, agus ar an ábhar sin, ní bheidh ar a gcumas iad a chur ar fáil do ghníomhaireacht forfheidhmnithe dlí ar bith.**

### 2.8.5 Saoráil mar Chuid de Fhollasú Sibhialta

Mar phrionsabal ginearálta, ní dhéanfar doiciméad ná taifead le nó laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a shaoráil le duine ar bith, ach amháin i gcás go n-eisítear ionstraim dea-chumtha ag teacht ó chúirt le dlínse nó ó údarás le dlínse faoin dlí, ag éileamh go ndéanfar an fhaisnéis sin a sholáthar.

I gcás go dteastaíonn ó oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim rochtain a fháil ar fhaisnéis dá leithéid sin, beidh orthu na fáthannna chuige sin a cháipéisiú chun sástachta an ÚCP.

### 2.8.6 Follasú ar Iarratas an Úinéara

Beidh rochtain iomlán ag Duine Formheasta nó Duine Údaraithe ar fhaisnéis ar bith a chuir sé/sí ar fáil do ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim, agus beidh de chumhacht aige/aici saoráil na faisnéise sin do dhuine eile a údarú, faoi réir ag gnáthshocruithe arna bhformheas ag na Coimisinéirí Ioncaim nó faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (1998). Ní bheidh rochtain ag Duine Formheasta nó ag Duine Údaraithe, áfach, ar thaifead cláraithe duine ar bith eile, gan údarú foirmeálta chuige sin a bheith tugtha ag an duine ábhartha.

Is féidir an t-údarú sin a thabhairt faoi cheachtar de dhá fhormáid:

- Iarratas leictreonach dea-chumtha, ar an gcoinníoll go mbíonn an t-iarratas sin sínithe ag tachar bailí Eochracha agus Deimhnithe

- Trí iarratas i scríbhinn

Ní cheadaítear faisnéis ar bith a shaoráil gan údarú de réir an ailt seo.

### 2.8.7 Cúinsí Saorála Faisnéise Eile

Ní cheadaítear faisnéis ar bith a shaoráil ar dhóigh ar bith eile gan údarú ón duine lena mbaineann an fhaisnéis sin, nó faoi éileamh dlí.

## 2.9 Cearta um Shealúchas Intleachtúil

Féach an TD ábhartha, le do thoil.

# 3 Aitheantas agus Fíordheimhniú

## 3.0 Ginearálta

### 3.0.1 Clárú Tosaigh

Is bunchoincheap mar bhonn le hoibriú BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim iontaoibh. Is gá iontaoibh a réadú i ngach uile ghné d'oibriú na seirbhíse.

### 3.0.2 Clárú Tosaigh

Mar chuid den phróiseas clárúcháin, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil d'Aonáin le linn dóibh a bheith ag cur isteach ar Dheimhniú faoi TD ábahrtha den chéad uair:

1. Eolas maidir leis an bhfaisnéis a theastaíonn chun go gclárófaí iad le Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

2. Cóip de na Coinníollacha Úsáide a bhaineann le hábhar.

Tá mionsonraithe an nós imeachta leagtha síos sa TD ábhartha.

# 3.1 Clárú Tosaigh

## 3.1.1 Cineálacha Ainmneacha

Is gá do na páirtithe uile Ainm Ar Leith ag teacht le caighdeán X.500 um Ainmneacha Ar Leith a bheith acu.

Ceadaíonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nósanna ainmniúcháin maidir le hAinmneacha Ar Leith i gcomhair iarrthóirí Deimhnithe.  Is féidir le fearainn éagsúla polasaí nósanna éagsúla ainmniúcháin a bheith acu.

## 3.1.2 A Riachtanaí is atá Ainmneacha a mBaineann Brí Leo

Is gá go mbeadh brí le hAinmneacha Ar Leith. Ní ceadmhach leasainmneacha a úsáid.

## 3.1.3 Rialacha Maidir le Foirmeacha Éagsúla Ainmneacha a Léirmhíniú

Is iondúil go n-éilítear ainm eagraíochta mar chuid den Ainm Ar Leith chun Deimhnithe de chineálacha áirithe a chruthú.

## 3.1.4 Uathúlacht na nAinmneacha

Is gá go mbeadh Ainmneacha Ar Leith ina n-aimneacha uathúla gan an dara brí acu.

## 3.1.5 Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí faoi Éilimh Ainmneacha

Déantar díospóid ar bith faoi Ainm Ar Leith a réiteach faoi théarmaí an TD ábhartha.

## 3.1.6 Aithint, Fíordheimhniú agus Ról Trádmharcanna

Is cuid de chúrsaí tráchtála aithint, fíordheimhniú agus ról trádmharcanna. Ní choscfaidh rud ar bith san RCD seo ar dhuine ar bith trádmharc a úsáid in Ainm Ar Leith.

## 3.1.7 Céannacht Aonáin a Fhíordheimhniú

Déantar céannacht Eagraíochta a fhíordheimhniú trí thagairt do thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim. Féach an TD ábhartha, chun mionsonraí eile a fháil maidir leis an bpróiseas fíordheimhniúcháin.

### 3.1.8 Céannacht Duine a Fhíordheimhniú

Déantar céannacht duine a fhíordheimhniú trí thagairt do thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim. Féach an TD ábhartha, chun mionsonraí eile a fháil maidir leis an bpróiseas fíordheimhniúcháin.

## 3.2 Athnuachan Tráthrialta Eochracha agus Deimhnithe

Is féidir le Daoine Formheasta agus le páirtithe eile a iarraidh ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a nEochracha agus a nDeimhnithe a athnuachan ag deireadh a saoil, faoi na coinníollacha seo a leanas:

1. Go ndéantar an t-iarratas roimh dháta síothlaithe na nEochracha agus na  nDeimhnithe reatha.

2. Go mbíonn an fhaisnéis ar an Deimhniú gan athrú ábhartha.

3. Go mbíonn na hEochracha agus na Deimhnithe reatha gan cealú.

I gcás nach sásaítear coinníoll ar bith acu sin, caithfidh an páirtí Deimhniú nua a iarraidh agus toiliú déanamh de réir na gCoinníollacha Úsáide ábhartha.
Déanann TD ábhartha athnuachan Deimhnithe a rialú.

## 3.3 Atheochrú tar éis Cealaithe

Ní ceadmhach atheochrú tar éis Deimhniú a chealú. Caithfidh Duine Formheasta nó páirtí eile ag iarraidh Deimhniú nua ina áit na coinníollacha thíos a shásamh:

1. Iarratas ar Dheimhnithe nua a chur isteach.

2. Gach gné den chlárú tosaigh agus riachtanais a shásamh, mar a leagtar síos sa TD ábhartha agus san RCD seo.

# 4 Riachtanais Oibríochtúla

## 4.1 Iarratas maidir le Deimhniú

Is ar an gcustaiméir a bhíonn ag iarraidh Deimhnithe a luíonn an fhreagracht maidir leis an iarratas sin a chur chuig  BEP na gCoimisinéirí Ioncaim faoi réir ag riachtanais an TD ábhartha.

## 4.2 Eisiúint Deimhnithe

Tá ceangal ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim cúram réasúnta a ghlacadh maidir le hiarratais a ghlacadh isteach agus a phróiseáil. Tá ceangal orthu déanamh de réir na gcleachtas ar a bhfuil cur síos san RCD seo agus le riachtanais ar bith leagtha síos ag an ÚD ábhartha faoinar eisíodh na Deimhnithe.

### 4.2.1 Próiseas Eisiúna Deimhnithe

Tá an próiseas eisiúna Deimhnithe arna rialú ag an TD ábhartha.

#### 4.2.1.2 Ceart ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Iarratais ar Dheimhnithe a Dhiúltú

Eisítear Deimhnithe trí rogha na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcás go n-eitítear iarratas ar Dheimhniú, caithfidh ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim é sin a chur in iúl go pras don iarratasóir.  Níl ceangal ar bith ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim fáth an eitithe a nochtadh maidir le hiarratas ar bith ar Dheimhniú, ach amháin de réir mar a leagtar amach faoin TD faoina raibh an Deimhniú le heisiúint, de réir dlí nó rialachán rialtais.

#### 4.2.2.2 Tréimhsí Oibríochta

Bíonn tús le tréimhsí oibríocht Deimhnithe lá a n-eisithe, muna gcuirtear a mhalairt in iúl sa Deimhniú. Is é an TD a rialaíonn tréimhe oibríochta an Deimhnithe.

Ní féidir tréimhse oibríochta níos sia ná mar a cheadaítear faoi na hionstraimí thuas a bheith mar thoradh ar dháta síothlaithe Deimhnithe eisithe. I gcás go n-eisítear Deimhniú le tréimhse oibríochta níos mó ná mar a cheadaítear, cealaítear an Deimhniú.

## 4.3 Glacadh le Deimhniú

Is é is glacadh ann, an Duine Formheasta nó an Duine Údaraithe nó páirtí eile Deimhnithe a fháil agus a úsáid ina dhiaidh sin.

Trí ghlacadh le Deimhnithe, toilíonn Duine Formheasta nó Duine Údaraithe nó páirtí eile

déanamh de réir na bhfreagrachtaí leanúnacha, na n-oibleagáidí leanúnacha agus na ndualgas leanúnacha a leagtar orthu faoi na Coinníollacha Úsáide agus faoin TD ábhartha.

# 4.4 Deimhniú a Chealú

## 4.4.1 Cúinsí a Chealaithe

Is féidir cealú a mhíniú mar deireadh a chur le cumas Deimhniú a úsáid. Déantar Deimhnithe a chealú, mar shampla, sna cásanna seo a leanas:

1. Caitear amhras ar na hEochracha nó ar na Deimhnithe.
2. Caitear amhras ar na meáin ina gcoinnítear an Eochair Phríobháideach.
3. Tagann críoch le tréimhse ionadaíochta an Duine Fhormheasta nó an Duine Údaraithe mar ionadaí don Aonán.
4. Tagann críoch leis an Aonán. Mar shampla, trí bhás, trí leachtú nó trí dhíscaoileadh páirtíochta.
5. Eisítear Deimhniú go mírialta nó go hearráideach.
6. Éiríonn an fhaisnéis sa Deimhniú mí-chruinn.
7. Tagann deireadh le hoibriú ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ÚD ROS.
8. Tagann iarratas ó ionadaí údaraithe Aonáin, ó Dhuine Formheasta, ó Dhuine Údaraithe nó ó pháirtí eile isteach go dtí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 4.4.2 Daoine i dTeideal Cealú a Iarraidh

Is féidir leis na daoine seo a leanas cealú Deimhnithe a thionscnamh:

1. BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.
2. Duine Formheasta, Duine Údaraithe nó páirtí eile ainmithe sa Deimhniú.
3. An tAonán atá ainmnithe sa Deimhniú.
4. Tríú páirtithe údaraithe.

Nótáil go dtacaíonn Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim le coincheap Duine Fhormheasta san Aonán a bheith ainmnithe mar Riarthóir. Is féidir leis an Riarthóir a

iarraidh go gcruthófaí agus/nó go gcealófaí Eochracha Príobháideacha agus Deimhnithe le haghaidh úsáideoirí san Aonán céanna (Daoine Údaraithe).

### 4.4.3 Nós Imeachta um Iarratas Maidir le Deimhniú a Chealú

Is é an nós imeachta a leagtar síos sa TD ábhartha a bhainfidh le hiarratais um chealú.

## 4.5 Nós Imeachta um Iniúchadh Slándála

Tá ceangal ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim taifid leordhóthaineacha a choinneáil, mar aon le cartlanna faisnéise a bhaineann le hoibríocht ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS.

### 4.5.1 Cineálacha Teagmhas arna dTaifeadadh

Tá cur síos i ndoicimėad ar leithligh i dtaobh Polasaí um Iniúchadh agus Cur i gCartlann maidir leis an líon teagmhas is lú is gá a thaifeadadh, agus is féidir mionsonraí ina leith sin a fháil ón ÚCP.

### 4.5.2 Minicíocht Phróiseála Log

Is é an bonn ar a ndéantar loganna iniúchta a phróiseáil ná, go laethúil, go seachtainiúil, go míosúil agus go bliantúil.

### 4.5.3 Tréimhse Coinneála do Log Iniúchta

Déantar loganna iniúchta a choinneáil ‘ar an láthair’ ar feadh trí mhí ar a laghad, agus ar feadh bliana ar a mhéad. Ansin déantarr gach log iniúchta a choinneáil i gcartlanna daingeana go ceann tréimhse 10 bliain ar a laghad, muna sonraítear tréimhse eile sa TD ábhartha.

### 4.5.4 Log Iniúchta a Chosaint

Déantar loganna iniúchta a chosaint trí chuntas speisialta úsáideora le pasfhocal nach eol do dhuine ar bith ach don oifigeach i mbun dualgais iniúchta. Déantar sláine na loganna iniúchta a chosaint. Cuirfear cumraíocht agus nós imeachta na loganna iniúchta i bhfeidhm, d’fhonn féachaint chuige: :

- Gur daoine údaraithe amháin a bhíonn in ann na loganna iniúchta a rochtain;
- Gur daoine údaraithe amháin a bhíonn in ann loganna iniúchta a chartlannú; agus
- . Nach ndéanfar loganna iniúchta a athrú.

### 4.5.5 Nós Imeachta um Log a Chúltacú

Cuirfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim nós imeachta cúltacaithe ar bun maidir le loganna iniúchta. Déanfar loganna iniúchta a chúltacú agus a stóráil go háitiúil ar feadh tamaill, agus cuirfear ar aghaidh chuig ionad daingean stórála ar láthair eile iad. Tá mionsonraí breise maidir le nósanna imeachta um chúltacú le fáil sa doiciméad um Polasaí Iniúchta agus Cartlanna.

### 4.5.6 Córas Bailithe Iniúchta

Is é atá i gcóras bailithe iniúchtaí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ná cumasc de phróisis uathoibríochta agus láimhe a chuireann ÚD nó córas oibre i bhfeidhm, nó feidhmchlár ÚD, feidhmchlár ROS agus pearsanra oibriúcháin.
Tá mionsonraí breise maidir leis an gcóras bailithe seo le fáil i ndoiciméad ar leithligh um Nós Imeachta Oibriúcháin.

### 4.5.7 Faisnéisiú Maidir le Teagmhais Áirithe

Cuireann pearsanra oibriúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim oifigeach slándála BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ar an eolas nuair a eascraíonn teagmhas cinniúnach slándála nó mírialtachta as próiseas nó gníomh.

### 4.5.8 Leochaileacht a Mheasúnú

Cuireadh Athbhreithniú ar Rioscaí Slándála (ARS) i bhfeidhm ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ina iomláine. Clúdaítear faoin ARS sin na príomhrioscaí agus na príomhbhagairtí ar féidir leo tionchar a imirt ar BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 4.6 Taifid a Chur i gCartlann

Coinníonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim na taifid ábhartha ar a bhfuil cur síos san RCD seo i gcartlann.

### 4.6.1 Cineálacha Teagmhas arna dTaifeadadh

Tá mionsonraí breise maidir leis na teagmhais is lú atá le cur i gcartlann le fáil i ndoiciméad ar leithligh um Nós Imeachta Oibriúcháin.

## 4.6.2 Tréimhse Coinneála Cartlainne

### 4.6.2.1 Eochracha a Choinneáil Slán

Ní choinnítear Eochracha Príobháideacha le Daoine Formheasta nó le Daoine Údaraithe laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ná fós ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Is iad eochracha sínithe príobháideacha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS amháin a chuirtear sa chartlann. Coinnítear eochracha sínithe príobháideacha BEP na gCoimisinéirí Ioncaim i gcartlann ar feadh tréimhse nach lú ná deich (10) mbliana ó dháta a síothlaithe, muna sonraítear a mhalairt de thréimhse chun freastal ar riachtanas na gCoimisinéirí Ioncaim. Nuair a bhíonn an tréimhse sin istigh, déantar na heochracha sínithe príobháideacha a stóráil i stóras daingean arna fhormheas ag an ÚCP. Déantar eochracha sínithe príobháideacha ÚD ROS a stóráil go daingean i gcartlann.

### 4.6.2.2 Deimhniú a Choinneáil Slán & cothabh

Déantar Deimhnithe a choinneáil i gcartlann ar feadh tréimhse nach lú ná deich mbliana ó dháta a síothlaithe, muna sonraítear a mhalairt de thréimhse sa TD ábhartha.

### 4.6.2.3 Tréimhse Cothabhála Cartlainne

Déantar faisnéis faoi rian iniúchta a choinneáil i gcartlann ar feadh tréimhse nach lú ná deich (10) mbliana ó dháta a síothlaithe, muna sonraítear a mhalairt de thréimhse sa TD ábhartha.

## 4.6.3 Cartlann a Chosaint

Déantar meáin cartlanna a chosaint le córas slándála fisiciúil nó le cumasc de shlándáil fhisiciúil agus de chosaint chripteagrafach. Déantar iad a dhíonadh in aghaidh cúinsí timpeallachta chomh maith, teocht, taise agus maighnéadacht, mar shampla.

## 4.6.4 Nós Imeachta um Log a Chúltacú

Tá nós imeachta seanbhunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cartlanna a chúltacú, d’fhonn féachaint chuige gur féidir seirbhís reatha a chur ar ais in áit i gcás go dtarlódh tubaiste ar bith mar a leagtar amach sa TD ábhartha.

## 4.6.5 Riachtanais Maidir le Stampaí Ama a Chur ar Thaifid

Níl tacaíocht ann do stampáil ama ag tríú páirtí muiníneach ar bith, ach níl rud ar bith san RCD seo a choscann ar an tríú páirtí seirbhís a thairiscint lasmuigh de struchtúr BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 4.6.6 Córas Bailithe Cartlainne

Tá córas bailithe cartlainne bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a shásaíonn riachtanais an RCD seo. Tá mionsonraí breise maidir leis an gcóras bailithe cartlainne seo le fáil i Nós Imeachta Oibriúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 4.6.7 Nós Imeachta um Fhaisnéis i gCartlann a Fháil agus a Fhíorú

Déantar sláine chartlanna BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a fhíoradh ar an dóigh seo:

1. Uair sa bhliain agus Iniúchadh Slándála de réir cláir ar siúl.

2. Am ar bith eile a mbíonn iniúchadh iomlán slándála ag teastáil.

3. Am ullmhaithe na cartlainne.

## 4.7 Athrú Eochracha

Ní rud uathoibríoch athrú eochracha. Síothlaíonn eochracha in aon am leis na Deimhnithe a mbaineann siad leo agus, ach amháin i gcás ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a eisíonn Deimhniú nua agus eochracha nua dó féin. Caithfidh gach páirtí laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim eochracha nua a fháil trí iarratas a chur isteach chun Deimhniú a athnuachan seachtain ar a laghad roimh dháta síothlaithe an Deimhnithe, faoi réir ag na riachtanais sa TD ábhartha.

Caithfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. Féachaint chuige nach mbíonn ach an cur isteach is lú ar úsáideoirí Formheasta ná ar úsáideoirí Údaraithe ná ar pháirtaithe eile ina slabhra iontaoibhe.

2. Fógra trí mhí ar a laghad a thabhairt d’úsáideoirí Formheasta, d’úsáideoirí Údaraithe agus do pháirtaithe eile maidir le hathrú eochracha.

3. Seaneochair síniúcháin an ÚD a chealú agus a cartlannú.

## 4.8 Athshlánú iar Eachtra Amhrais nó Tubaiste

Nithe a dhéanann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. Tá cáipéisiú mionsonraithe bunaithe agus á chothabháil ag BEP maidir le:

   - Plean Éigeandála agus Athshlánaithe i ndiaidh Tubaiste, a chuimsíonn eochracha in amhras, teipeadh maidir le crua-earraí, le bogearraí nó le cumarsáid agus tubaistí nádúrtha ar a n-áirítear dóiteain agus tuilte.

- Bunlíne Cumraíochta BEP, a chuimsíonn bogearraí oibriúcháin agus feidhmchláir a bhaineann go sainiúil le hobair BEP.

- Nós imeachta maidir le cúltacú, le cartlannú agus le stóráil i suíomh eile, seachas ar an láthair.

2. Soláthraíonn BEP an cáipéisiú thuasluaite ar iarratas:

- Ó dhaoine i mbun iniúchadh slándála nó comhoiriúnachta a dhéanamh.

3. Soláthraíonn BEP traenáil oiriúnach i gcomhair pearsanra ábhartha maidir le nós imeachta um athshlánú i gcás éigeadála agus tubaiste.

- Baineann tástáil bhliantúil ar a laghad as a Phlean um Athshlánú i ndiaidh Éigeandála agus Tubaiste.

## 4.8.1 Má Thruaillítear Acmhainní Ríomhaireachta, Bogearraí agus/nó Sonraí

Tá plean um bunlíne cumraíochta bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, mar aon le plean um chúltacú, cartlannú agus freagartha chun sonraí a sholáthar chun teipeadh compháirteanna a fhionnadh agus mar thaca le hathshlánú seirbhíse ina dhiaidh sin.

## 4.8.2 Má Chealaítear Eochair Phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim

Beidh Plean Éigeandála agus Tubaiste ag BEP na gCoimisinéirí ina dtabharfar aghaidh ar ar na gníomhartha is gá a dhéanamh i gcás go gcealaítear nó go gcaitear amhras ar Eochair Phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ÚD.

## 4.8.3 Má Chaitear Amhras ar Eochair Phoiblí na gCoimisinéirí Ioncaim

Beidh Plean Éigeandála agus Tubaiste ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ina dtabharfar aghaidh ar na gníomhartha is gá a dhéanamh i gcás go gcealaítear nó go gcaitear amhras ar Eochair Phoiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ÚD.

### 4.8.4 Áis a Dhaingniú Tar Éis Tubaiste Nádúrtha nó Eile

Tá ionad daingean eile ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim mar ionad oibre le haghaidh oibríochtaí ÚD i gcás go gcoscann tubaiste nádúrtha nó eile ar an bpríomhionad leanúint de ghnáthoibríochtaí ÚD. Tá ainm an ionad eile sin le fáil sa Phlean um Athshlánú i ndiaidh Éigeandála agus Tubaiste.

Clúdófar oibríochtaí ÚD sa Phlean um Athshlánú i ndiaidh Éigeandála agus Tubaiste, mar éascaíocht le haghaidh aistriú gan dua go dtí suíomh athshlánaithe i ndiaidh tubaiste. Cuimsíonn na pleananna sin nós imeachta chun oibríochtaí ÚD a chur ar ais sa phríomhionad nuair a bheidh an tubaiste thart agus an príomhionadh ullamh chun déileáil le hoibríochtaí ÚD an athuair.

## 4.9 Foirceannadh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim

I gcás go gcuirtear deireadh le hoibríochtaí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ÚD ROS ar chúis ar bith, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim gach iarracht an fógra is faide ar a gcumas a thabhairt do Aonáin, do Dhaoine Formheasta, do Dhaoine Údaraithe agus do pháirtithe eile agus socruithe eile a chur in áit dóibh.

Déanfar deimhnithe uile úsáideoirí Formheasta agus Údaraithe a chealú. Cuirfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim socruithe oiriúnacha in áit chun an fhaisnéis ÚD atá i gcartlanna a choinneáil, a chuimseoidh deimhnithe, eochracha cealaithe, loganna iniúchta agus gach faisnéis ghaolmhar eile, de réir Alt 4.6.

Tá gealltanas ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim próiseas daingean a sholáthar faoina mbeidh Aonáin, Daoine Formheasta, Daoine Údaraithe agus páirtithe eile in ann a ndualgais a chomhlíonadh i modh éifeachtúil, gan róchostas.

# 5 Rialuithe Slándála, idir Fhisiciúil, Nós Imeachta agus Phearsanra

## 5.1 Rialuithe Fisiciúla

Déantar cur síos san alt seo ar na rialuithe fisiciúla, nós imeachta agus pearsanra a éilíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim mar chosaint ar a chuid oibríochtaí.

### 5.1.1 Suíomh Láithreáin agus a Thógáil

Lonnofar ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS i dtimpeallacht dhaingean agus in ionad daingean óstaithe. Feidhmíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim i dtimpeallacht dhaingean agus i bhfoirgneamh daingean.

### 5.1.2 Rochtain Fhisiciúil

Ní thabarfaidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim cead isteach ina cheantar slán oibriúcháin ach do phearsanra údaraithe agus do chuairteoirí faoi bhuanfheitheoireacht duine údaraithe. Déanfar monatóireacht ar an ionad go huathoibríocht mar dhín ar a rochtain gan údarú. Bíonn srian leis an líon lucht foirne dá dtugtar údarás dul isteach sa cheantar sin agus coinnítear log maidir le gach ócáid rochtana.

### 5.1.3 Cumhacht agus Aeroiriúnú

Tá ceangal ag ceantair dhaingne BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le gnáthsholáthar cumhachta. Bíonn na comhpháirteanna cinniúnacha ar fad nasctha le haonaid bhuansoláthar cumhachta gan, mar dhíon in aghaidh a múchta gan choinne i gcás go dteipeann ar an gcumhacht.

Tá córas aeroiriúnaithe sa cheantar, a rialaíonn teas agus taise.

### 5.1.4 Neamhchosaint ar Uisce

Feidhmíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim in ionad a dhéantar a dhíonadh ar uisce ar an dóigh seo a leanas.

### 5.1.5 Cosc Dóiteán agus Cosaint ina gCoinne

Coinnítear córais oiriúnacha chun dóiteáin a chur faoi smacht in ionad oibriúcháin BEP, mar dhíon in aghaidh damáiste de dheasca dóiteán.

### 5.1.6 Stóráil Meán

Déantar na meáin mhaighnéadacha ar fad ina gcoinnítear faisneis BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, meáin chúltaca san áireamh, a stóráil in árthaigh, i gcaibinéid nó i dtaisceadáin a thugann díon in aghaidh dóiteán dóibh, agus coinnítear iad laistigh de cheantar oibriúcháin na seirbhíse nó in áiteanna daigne ar láithreacha eile.

### 5.1.7 Diúscairt Dramhaíola

Déantar cáipéisí páipéir agus meáin mhaighnéadacha a mbíonn faisnéis íogair nó rúnda de chuid BEP na gCoimisinéirí Ioncaim iontu a dhiúscairt go daingean ar na dóigheanna seo a leanas:

1. I gcás meán maighnéadacha:
    - Damáiste fisiciúil don acmhainn, nó a scrios ar fad;
    - Áirgiúlacht fhormheasta arna húsáid chun meáin mhaighnéadacha a scrios nó chun trascríobh anuas orthu;
2. I gcás ábhair chlóscríofa, liobairt nó scrios trí áis fhormheasta nó trí sheirbhís fhormheasta.

### 5.1.8 Cúltaca in Áit Eile

Úsáidtear stóras i suíomh eile chun sonraí agus bogearraí cartlannaíochta a stóráil. Maidir leis an stóras ar láthair eile:

1. Bíonn sé ar fáil do phearsanra údaraithe 12 uair sa lá seacht lá na seachtaine chun críocha athshlánúcháin maidir le bogearraí agus le sonraí.
2. Bíonn leibhéil iomchuí slándála fisiciúil ann.

## 5.2 Rialuithe Nós Imeachta

### 5.2.1 Rólanna Iontaoibhe

Go ginearálta, tugaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim tacaíocht don idirdhealú i measc dualgas maidir le feidhmeanna cinniúnacha ÚD a choscann ar dhuine úsáid mhailíseach a bhaint as córas an ÚD gan a bhrath nó gan teacht timpeall ar na gnéithe slándála.

Ar a laghad, déantar na rólanna seo a leanas a bhunú do BEP na gCoimisinéirí Ioncaim:

1. Oifigeach Slándála.

2. Riarthóir Córais ÚD.

3. Cláraitheoir (ÚD ROS).

4. Riarthóir Slándála.

Daoine éagsúla a bhíonn i mbun na rólanna thuas. Nós é sin a chuireann an tslándáil is fearr ar fáil agus a thugann deis na cosaintí is fearr a sholáthar maidir leis an gcóras oibriúcháin a chinntiú i mbun feidhme. Ina dhiaidh sin agus uile:

1. Is féidir leis an duine céanna dhá ról a ghlaca chuige féin, mar atá, mar Riarthóir Córais agus mar Chláraitheoir Córais.

2. Caithfidh Riarthóir Slándála fanúint glan ar fad ar an Riarthóir Córais, chun athbhreithniú neamhspleách a sholáthar maidir leis an log iniúchtha.

3. Caithfidh beirt iontaobhaithe a bheith páirteach in obair ar bith a bhaineann le cruthú, le cúltacú nó le hEochair Phríobháideach ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a thabhairt isteach i mbunachar sonraí, duine acu i mbun na feidhme agus an duine eile i ról monatóireachta slándála.

## 5.2.2 Líon na nDaoine Riachtanach do Gach Tasc

I gcás oibríochtaí ar bith dá dteastaíonn beirt foirne laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, ní ceadmhach do dhuine aonair a gcur i gcrích. Beidh gach duine den bheirt i staid dérialaithe freagrach as sláine an phróisis a bhíonn á chur i bhfeidhm aige/aici. Ní dhéanfaidh ceachtar den bheirt cuid ar bith d'fhocal faire a nochtadh don duine eile. Beirt nó níos mó a theastaíonn chun na ngnóthaí seo a leanas:

1. Chun eochair phríobháideach síniúcháin an ÚD a chruthú;

2. Chun deimhniú ÚD a ghéilleadh; agus

3. Chun polasaí slándála MSC a shocrú maidir le rialú rochtana ar eochracha príobháideacha síniúcháin an ÚD.

## 5.2.3 Aitheantas agus Fíordheimhniú do Gach Ról

Déantar gach ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a earcú de réir nós imeachta earcaíochta Rialtas na hÉireann. Déanfar céannacht agus údaru phearsanra uile BEP a fhíoru sula ndéanfar:

1. iad a chur ar liosta rochtana maidir leis an ionad daingean;

2. iad a chur ar liosta rochtana maidir le rochtain fhisiciúil ar chóras ÚD;

3. iad deimhniú a fháil maidir le feidhmíocht a ról riartha ÚD; nó

4. iad cuntas a fháil faoi chóras ÚD maidir lena ról riartha.

# 5.3 Rialuithe Pearsanra

## 5.3.1 Riachtanais Maidir le Cúlra, le Cáilíochtaí, le Taithí agus le Scagadh Slándála

Cuirfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ceangal ar gach ball dá phearsanra le dualgais maidir le hoibriú ÚD, rólanna iontaoibhe san áireamh, a ndóthain cáilíochta agus taithí a bheith acu maidir le BEP.  Caithfidh gach ball foirne riachtanais a shásamh a bhaineann le cúrsaí slándála eagraíochta.

## 5.3.2 Nós Imeachta um Dheimhniú Cúlra

Cuirtear scrúduithe cúlra i bhfeidhm maidir le gach duine a roghnaítear do ról iontaoibhe de réir an nós imeachta maidir le scagadh slándála, sula dtéann siad i mbun a ndualgas.

## 5.3.3 Riachtanais Traenála

Cuirtear traenáil mar ba chóir ar phearsanra seirbhíse uile BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, a chuimsíonn:

- Coincheapanna bunúsacha BEP
- Maidir le pearsanra ábhartha ÚD, conas dualgais a bhaineann le seilbh, le húsáid agus le hoibriú a bpéirí eochracha a mhíniú do dhaoine ag iarraidh Deimhnithe ÚC a fháil
- Na dualgais a bhaineann le seilbh, le húsáid agus le hoibriú a n Eochracha agus a nDeimhnithe a mhíniú do lucht a n-úsáide, mar shampla, do Dhaoine Formheasta agus do Dhaoine Údaraithe
- Brí agus éifeacht na gCoinníollacha Úsáide a bhaineann le hEochracha agus le Deimhnithe

Nótáil go dtabharfar saintraenáil de bhreis do lucht foirne BEP na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le táirgí ar leith, de réir mar a mheastar a bheith iomchuí, má mheastar sin.

## 5.3.4 Minicíocht agus Riachtanais Atraenála

Tabharfar nuashonrú i gcursaí slándála do lucht foirne BEP na gCoimisinéirí Ioncaim uair sa bhliain, ar a laghad.

Tugtar traenáil in úsáid agus in oibriú bhogearraí ÚD agus ÚC nuair a dhéanfar leaganacha nua de na bogearraí a shuiteáil.

Tuairiscí iniúchta a dhearbhaíonn cathain a chuirtear atraenáil feabhais i gcrích.

## 5.3.5 Minicíocht agus Seicheamh Postmhalartuithe

Is féidir le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim cleachtais fhoirmeálta a chur i bhfeidhm maidir le babhtáil post (mar shampla, trí fhaoiseamh foirmeálta). I gcás nach mbíonn babhtáil fhoirmeálta i bhfeidhm, eagraítear gníomhaíochtaí trastraenála chun leanúnachas oibríochtaí a chinntiú.

## 5.3.6 Smachtbhannaí as Ucht Gníomhartha Neamhúdaraithe

Cuirtear an Riarthóir Slándála ar an eolas, agus is féidir daoine eile a chur ar an eolas, i gcás gníomhartha neamhúdaraithe ag pearsanra sheirbhísí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 5.3.7 Riachtanais do Lucht Conartha

Is féidir le pearsanra sheirbhísí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ina gconarthóirí arna gceapadh i scríbhinn agus fógra scríofa tugtha dóibh maidir le téarmaí agus le coinníollacha a gceapachán. Is iondúil gur ceapacháin lánaimseartha i mbun a ndualgas a bhíonn i gceist.

## 5.3.8 Cáipéisí a Chuirtear ar Fáil do Phearsanra

Beidh rochtain ag pearsanra sheirbhísí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ar na nithe ábhartha seo:

1. Cáipéisí i dtaobh crua-earraí agus bogearraí.

2. Cáipéisí polasaí an RCD seo san áireamh.

3. Cáipéisí a bhaineann le cleachtais oibriúcháin agus nós imeachta, TD ábhartha san áireamh.

Tabharfar treoirlínte oiriúnacha do phearsanra na Deisce Cabhrach agus cuirfear traenáil oiriúnach orthu, a chuirfidh ar a gcumas cabhrú le húsáideoirí Formheasta agus le húsáideoirí Údaraithe.

# 6 Rialuithe Slándála Teicniúla

## 6.1 Cruthú agus Suiteáil Péirí Eochracha

### 6.1.1 Péire Eochracha a Chruthú

Cruthófar péirí eochracha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nuair a bheidh feidhmchlár an ÚD cumraithe. Cruthaítear eochracha síniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS laistigh de mhodúl slándála crua-earraí  (MSC) arna rátú go Leibhéal 3  FIPS 140-1.

Cruthóidh feidhmchlár BEP na gCoimisinéirí Ioncaim péirí eochracha le húsáideoir Formheasta nó Údaraithe ar bhealach a choscfaidh ar dhuine ar bith seachas na húsáideoirí Formheasta nó Údaraithe sin an Eochair Phríobháideach a bhaineann le hábahr a rochtain.

### 6.1.2 Eochair Phríobháideach a Sheachadadh

Déantar Eochracha Príobháideacha a sheachadadh d’úsáideoirí Formheasta nó Údaraithe trí fheidhmchlár daingean cliant Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim.

### 6.1.3 Eochair Phoiblí a Sheachadadh

Déantar Eochracha Príobháideacha a sheachadadh d’úsáideoirí Formheasta nó Údaraithe trí fheidhmchlár daingean cliant Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar Deimhnithe a dháileadh tríd an Idirlín, i seisiún cosanta (SSL 128 giotán).

### 6.1.4 Eochair Phoiblí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a Sheachadadh chuig Aonáin

Déantar eochair phoiblí ÚD ROS a sheachadadh d’úsáideoirí Formheasta nó Údaraithe trí fheidhmchlár daingean cliant Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Is féidir í a fháil trí shuíomh idirlín ROS, chomh  maith (féach Aguisín C).

### 6.1.5 Méid Eochracha

Is e an TD ábhartha a shocraíonn faid eochracha BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Íoslíon 2048 giotán a bhíonn iontu, mar ghnás, chomh fada is a bhaineann le heochracha ÚD, agus 1024 giotán i gcás eochracha críochúsáideoirí. Léirítear sa tábla thíos méideanna eochracha agus algartam in úsáid laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

| Péire Eochracha | Méid Eochrach | Algartam |
|---|---|---|
| ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim | 2048 | RSA / SHA-1 |
| ÚD ROS | 2048 | RSA / SHA-1 |
| Aonáin Foircinn | 1024 | RSA / SHA-1 |
| Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe | 1024 | RSA / SHA-1 |

## 6.1.6 Paraiméadair Eochrach Poiblí a Chruthú

Is e an modúl slándála crua-earraí (MSC) a chruthaíonn Eochracha Poiblí i gcás eochracha ÚD agus feidhmchlár cliant ROS i gcomhair Aonán, Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe.

## 6.1.7 Cáilíocht Paraiméadar a Sheiceáil

Scrúdaíonn bogearraí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim fiúntas na bparaiméadar a bhaineann  le heochracha poiblí go huathoibríoch.

## 6.1.8 Eochair Crua-/Bogearraí a Chruthú

Cruthaítear eochracha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim ÚD ROS taobh istigh de MSC arna rátú ag Leibhéal 3 FIPS 140-1. Is i bhfeidhmchlár ROS a chruthaítear na péirí eochracha eile.

**Ní bhíonn rochtain ag na Coimisinéirí Ioncaim ar Eochracha Príobháideacha de chuid Daoine Formheasta, Daoine Údaraithe ná páirtithe eile.**

## 6.1.9 Críocha Úsáidte Eochracha

Is féidir Eochracha Aonán a úsáid ar an dóigh a leagtar amach faoi alt 1.3.4 Infheidhmitheacht.

Úsáidfear réimse Úsáid Eochrach an Deimhnithe laistigh i ndeimhnithe ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS amháin. Socrófar na príomhluacha úsáide do na teastais ÚD amháin:

KeyCertSign

cRLSign

DigitalSignature

# 6.2 Eochair Phríobháideach a Chosaint

## 6.2.1 Caighdeáin Maidir le Modúl Cripteagrafach

Tá na modúil chripteagrafacha a bhíonn in úsáid mar chuid d'oibríochtaí BEP na gCoimisinéirí Ioncaim comhoiriúnach do Leibhéal 3 FIPS 140-1. Déantar na hEochracha a bhíonn in úsáid ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ag ÚD ROS a chruthú agus a stóráil i modúil dhaingne crua-earraí de chaighdeán Leibhéal 3 FIPS 140-1.

## 6.2.2 Rialú Eochrach Príobháidí ag Daoine Éagsúla

Beidh Eochracha Príobháideacha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS á rialú ag meitheal daoine.

Beidh oibríochtaí eochracha ÚD á rialú ag meitheal daoine. Íoslíon m as meitheal dár líon n a bheidh rannpháirteach nó i láthair agus is gá go mbeadh m níos mó ná n/2. Ciallaíonn líon m as n pearsanra rialaithe go mbíonn íoslíon"m" duine i láthair as iomlán "n" (.i. 3 as 5 duine). Éilíonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS araon rialú ag meitheal daoine ar eochair phríobháideach síniúcháin an ÚD.

## 6.2.3 Gníomhas Coinníollach Eochrach Príobháidí

Ní thacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le Gníomhas Coinníollach Eochrach Príobháidí.

## 6.2.4 Eochair Phríobháideach a Chúltacú

Déantar Eochracha Príobháideacha ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS a stóráil go daingean faoi réir ag TD ábhartha.

**Ní choinníonn na Coimisinéirí Ioncaim cóip ar bith de na hEochracha Príobháideacha a eisítear do Dhaoine Formheasta ná do Dhaoine Údaraithe ná do pháirtithe eile.**

## 6.2.5 Eochair Phríobháideach a Chur i gCartlann

Féach alt 4.6.2.1 Eochracha a Choinneáil Slán.

### 6.2.6 Eochair Phríobháideach a Iontráil i Modúl Cripteagrafach

Déantar eochracha príobháideacha síniúcháin ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS a chruthú agus a stóráil i modúl slándála crua-earraí (MSC). Déantar eochracha síniúcháin Daoine Formheasta agus Daoine Údaraithe a chruthú le bogearraí.

I gcás go n-úsáidtear modúl cripteagrafadh, caithfear an Eochair Phríobháideach a chruthú laistigh de agus a choinneáil ann i bhfoirm chriptithe agus go neamhchriptithe agus í a dhíchriptiú in am a úsáidte amháin.

### 6.2.7 Conas Eochair Phríobháideach a Ghníomhachtú

Úsáidtear comhartha agus pasphrása chun eochracha príobháideacha ÚD a ghníomhachtú i MSC. Úsáidtear feidhmchlár ROS chun na heochracha príobháideacha a ghníomhachtú nuair a éiríonn le próiseas logála ina n-iarrtar luach pasphrása úsáideora údaraithe agus ina ndéantar é sin a bhailíochtú.

### 6.2.8 Conas Eochair Phríobháideach a Dhíghníomhachtú

Déanfar eochracha príobháideacha a dhíghníomhachtú nuair a dhíghníomhachtaítear an feidhmchlár bogearraí ina nÚD gaolmhar (mar shampla, ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus/nó ÚD ROS).

### 6.2.9 Conas Eochair Phríobháideach a Scrios

Déantar na bogearraí a chuirtear ar fáil do Dhuine Formheasta, do Dhuine Údaraithe nó do pháirtí eile a dhearadh i slí a chinnteoidh go scriosfar na hEochracha Príobháideacha sa chuimhne trí nialais a scríobh anuas ar an ábhar sin nuair a mhúchtar na bogearraí.

## 6.3 Gnéithe Eile de Bhainistiú Péirí Eochracha

### 6.3.1 Eochracha Poiblí a Chur i gCartlann

Cuirfidh BEP na gCoimisinéirí Ioncaim eochracha poiblí fíorúcháin i gcartlann go ceann deich (10) mbliana ar a laghad.

### 6.3.2 Tréimhsí Úsáide Eochracha Poiblí agus Eochracha Príobháideacha

Tréimhse úsáide deich (10) mbliana a bheidh ag eochracha príobháideacha agus poiblí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. Beidh tréimhsí úsáide na n-eochracha eile a eisíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim de réir mar a leagtar amach sa TD ábhartha iad.

Ní bheidh na heochracha príobháideacha síniúcháin ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáidtear chun deimhnithe a shíniú ina n-eochracha bailí ag deireadh a dtréimhse deich (10) mbliana. Beidh an deimhniú a eisítear le haghaidh eochair phoiblí fíoraithe ÚD ROS bailí go ceann 7 mbliana ar a laghad, rud is ionann agus an tréimhse coinneála i gcartlann is gá maidir le faisnéis ÚD. Maidir le Riarthóirí ÚD, le hAonáin, le Daoine Údaraithe agus le Daoine Formheastathe, ní bheidh a gcuid eochracha príobháideacha síniúcháin bailí ach go ceann dhá bhliain. Beifear in ann eochracha poiblí (deimhnithe) Daoine Údaraithe agus Daoine Formheasta a bhailíochtú go ceann deich (10) mbliana i ndiaidh a n-eisithe.

# 6.4 Sonraí Gníomhachtaithe

## 6.4.1 Sonraí Gníomhachtaithe a Chruthú agus a Shuiteáil

Níl de Shonraí Gníomhachtaithe ach amháin meicníochtaí Rialaithe Rochtana ag teastáil chun na bogearraí cripteagrafacha a chuirtear ar fáil d’Aonán a chur ag obair.

## 6.4.2 Sonraí Gníomhachtaithe a Chosaint

Níl de Shonraí Gníomhachtaithe ach amháin meicníochtaí rialaithe rochtana, luach pasphrása, mar shampla, ag teastáil chun modúil chripteagrafacha a chur ag obair. Ní dhéanfar Sonraí Gníomhachtaithe, pasphrásaí, mar shampla, a stóráil i meáin mhaighnéadacha, i gcomhaid ríomhaireachta. Déanfar gach pasphrása a chuirtear síos i scríbhinn a chosaint in aghaidh úsáide neamhúdaraithe le clúdaigh litreacha ar léir dá gcuirfí isteach orthu agus trína stóráil i soitheach le rialú rochtana.

# 6.5 Rialuithe Slándála Ríomhairí

## 6.5.1 Riachtanais Teicniúla a Bhaineann go Sonrach le Slándáil Ríomhairí

Tá Polasaí um Shlándáil Córas bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil riachtanais theicniúla ina chuid de maidir le hoibriú BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

## 6.5.2 Rátú Maidir le Slándáil Ríomhairí

Tá Polasaí um Shlándáil Córas bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil rátú maidir le slándáil ríomhairí ina chuid de maidir le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, de réir mar is cuí.

## 6.6 Rialuithe Teicniúla Maidir le Ciogal Saoil

### 6.6.1 Rialuithe Maidir le Córas a Fhorbairt

Forbraíodh bogearraí oibriúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim i dtimpeallacht rialaithe ag rialuithe iomchuí ó thaobh na cáilíochta de.

### 6.6.2 Rialuithe Maidir le Slándáil a Bhainistiú

Tá bainistiú slándála an chórais á rialú ag pribhléidí arna sannú do chuntais oibriúcháin an chórais, agus ag na rólanna iontaoibhe a bhfuil cur síos orthu in alt 5.2.1 Rólanna Iontaoibhe.

### 6.6.3 Rátú Maidir le Slándáil Chiogal Saoil

## 6.7 Rialuithe Maidir le Slándáil Líonra

Tá Athbhreithniú um Rioscaí Slándála bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar méar ar na bagairtí is mó agus is suntasaí i gciogal saoil, ó thaobh na slándála de.

Tá Athbhreithniú um Rioscaí Slándála bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar méar ar na bagairtí is mó agus is suntasaí ar ghréasán, ó thaobh na slándála de.

## 6.8 Rialuithe Maidir le hInnealtóireacht Modúl Cripteagrafacha

Tá Athbhreithniú um Rioscaí Slándála bunaithe ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar méar ar na bagairtí is mó agus is suntasaí in innealtóireacht modúl cripteagrafacha, ó thaobh na slándála de.

# 7 Próifíleanna Deimhnithe agus LDC

## 7.1 Próifíl an Deimhnithe

### 7.1.1 Uimhriú na Leaganacha

Úsáideann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Deimhnithe Leagan 3 de X.509, a mbíonn v.3 (luach slánuimhreach 2) i réimse an leagain, agus tacaíonn leis sin.

### 7.1.2 Síneadh le Deimhniú

Úsáideann BEP na gCoimisinéirí Ioncaim síntí Deimhnithe Leagan 3 de X.509, a aithnítear i bPolasaí Deimhnithe BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Tacaíonn ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS leis na síntí deimhnithe seo a leanas:

1. aitheantóirí eochracha (aitheantóir eochrach páirtí agus aitheantóir eochrach fíordheimhnithe)

2. polasaithe i leith deimhnithe.

### 7.1.3 Algartaim in Úsáid

Tacaítear leis na halgartaim haiseála/díolama seo a leanas:

1. Algartam-1 Haiseála Daingean (SHA-1).

2. Díolaim Teachtaireachtaí 5 (MD5).
   Tacaítear leis na halgartaim seo a leanas maidir le pacáil:

1. ISO 9796.

2. PKCS#1.

Tacaítear leis na halgartaim seo a leanas maidir le criptiú:

1. RSA.

2. DES triarach.

3. DES.

Tacaítear le húsáid níos mó ná algartam amháin san ordlathas.

### 7.1.4 Foirmeacha na nAinmneacha

I nDeimhnithe arna n-eisiúint ag BEP na gCoimisinéirí Ioncaim ainm ar leith iomlán X.500 lucht a eisithe agus lucht bhfaighte i réimse an lucht eisiúna agus i réimse an pháirtí dá n-eisítear iad.

### 7.1.5 Srianadh na nAinmneacha

Níl tacaíocht ar bith ar fáil i gcás easpa ainmneacha ná do leasainmneacha.

### 7.1.6 Aitheantóir Oibiachta Polasaí Deimhnithe

Bíonn AO an an TD ábhartha i réimse sínte “certificatePolicy” Deimhnithe X.509 agus

foilsítear sa TD seo é

### 7.1.7 Breisiú Srianta Polasaí a Úsáid

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le húsáid breisithe Srianta Polasaí.

### 7.1.8 Cáilitheoirí  Polasaí

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim le húsáid cáilitheoirí polasaí le síntí deimhnithe.

### 7.1.9 Séimeantaic Próiseála do Shíneadh Deimhnithe Criticiúla

Féach alt 1.3.1.2 den TD ábhartha.

## 7.2 Próifíl LDC

### 7.2.1 Uimhriú na Leaganacha

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim CRLanna Leagan 2 de X.509 i gcomhair LTCanna a bhíonn ar fáil go poiblí, agus tacaíonn leis sin.

### 7.2.2 Iarmhíreanna LDC agus Iontrálacha LDC

Tacaíonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim breisithe iontrála LDC Leagan 2 de X.509 i gcomhair LTCanna a bhíonn ar fáil go poiblí, agus tacaíonn leis sin

# 8 Riarachán Sonraíochta

Oibríonn BEP na gCoimisinéirí Ioncaim Údarás Um Cheadú Polasaí (ÚCP) atá freagrach as treo a shocrú maidir le Polasaí Deimhnithe i gcomhair BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. Foilsítear sonraí teagmhála ÚCP na gCoimisinéirí Ioncaim i ngach TD.

## 8.1 Nós Imeachta um Athrú Sonraíochta

### 8.1.1 Foilsiú Tosaigh

Is é an t ÚCP an t-údarás atá freagrach as athruithe ar na TDanna a úsáidtear in éineacht le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is e an tÚD ábhartha (ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim nó ÚD ROS) a iarrfaidh ceadú foirmeánta agus sannadh AO.

Tar éis AO a cheadú, foilseoidh an tÚD sonraí an TD ar Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim  (féach Iatán D).

Ina dhiaidh sin, beidh an tÚD freagrach as:

1. Fógra a thabhairt maidir le fo-mhírenna uile an TD agus a infheidhmitheacht;

### 8.1.2 Athruithe

Dhá chineál athraithe TD atá i gceist:

1.  TD nua a eisiúint;

2.  TD reatha a athrú nó a athchóiriú.

Más gá TD a atheisiúint, úsáidfear an próiseas a bhaineann le foilsiú bunaidh chuige sin (féach thuas).

# Aguisín B – Gluais

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Rochtain | Seilbh a fháil ar fhaisnéis nó ar ábhar faoi rún nó Rochtain ar cheantar sonraithe slándála. |
| Rialú Rochtana | Cosc ar úsáid neamhúdaraithe acmhainne, rud a chuimsíonn mí-úsáid acmhainne. |
| Riarthóir | Is é an Riarthóir laistigh de thimpeallacht ROS an duine Formheasta atá in ann Daoine Údaraithe den Aonán céanna a chlárú/chealú. |
| Duine Formheasta | Mar a shainmnínítear in S917G den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Duine a iarrann Deimhniú Digiteach chun a (h)úsáide féin nó ar son Aonáin agus i gcomhair Daoine Údaraithe. |

| | |
|---|---|
| Teicníocht chripteagrafach neamhshiméadrach | Teicníocht chripteagrafach ina n-úsáidtear dhá thrasfhoirmiú ghaolmhara, trasfhoirmiú poiblí príobháideach (arna shainmhíniú ag an Eochair Phríobháideach). Tá de bhua ag an dá thrasfhoirmiú sin, nach bhfuil sé indéanta an trasfhoirmiú príobháideach a oibriú amach ón trasfhoirmiú poiblí. NÓTA – Is féidir córas bunaithe ar theicníocht chripteagrafach neamhshiméadrach a bheith ina chóras rúnscríofa, ina chóras sínithe, meascán den dá chóras sin, nó ina chóras eochrach aontaithe. Le teicnící cripteagrafacha neamhshiméadracha, úsáidtear ceithre bhuntrasfhoirmiú: comhartha agus fíorú do scéimeanna sínithe, rúnscríobh agus scaoileadh do chórais rúnscríofa. Coinníonn an t-aonán ar leis iad an síniú agus an dí-chriptiú faoi rún, ach déantar an fíorú agus an criptiú a fhoilsiú. Tá córais chripteagrafacha neamhshiméadracha ann (RSA, mar shampla), inar féidir na ceithre bhunfheidhm a dhéanamh le dhá thrasfhoirmiú: ceann príobháideach chun teachtaireachtaí a shíniú agus a dhí-chriptiú, agus ceann poiblí chun teachtaireachtaí a fhíorú agus a chriptiú. Ón uair nach gnáthúsáid é sin, áfach, coinnítear na ceithre thrasfhoirmiú bunaidh agus na heochracha a fhreagraíonn dóibh ar deighilt óna chéile sa Chaighdeán Idirnáisiúnta seo. |
| Córas cripteagrafach neamhshiméadrach | Córas bunaithe ar theicnící neamhshiméadracha a n-úsáidtear a dtrasfhoirmiú Poiblí chun nithe a chriptiú agus a dtrasfhoirmiú príobháideach chun nithe a dhí-chriprtiú. |
| Péire eochracha neamhshiméadracha | Péire eochracha gaolmhara ina ndéanann an Eochair Phríobháideach an trasfhoirmiú príobháideach agus an Eochair Phoiblí an trasfhoirmiú poiblí. |
| Córas sínithe neamhshiméadrach | Córas bunaithe ar theicnící neamhshiméadracha a n-úsáidtear a dtrasfhoirmiú príobháideach chun nithe a shíniú agus a drasfhoirmiú poiblí chun nithe a fhíorú. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Fíordheimhniú | Próiseas ina ndéanann soláthraí seirbhíse fíorú chun a s(h)ástachta féin, go dtí leibhéal cuí iontaoibhe maidir le hiarrthóir seirbhíse a bheith i dteideal na seirbhíse sin, nó gan a bheith. |
| Eochair Phríobháideach Fíordheimhnithe | An eochair lena sínítear teachtaireacht go digiteach. |
| Eochair Phoiblí Fíordheimhnithe | Eochair lena bhfíoraítear síniú digiteach. |
| Fíordheimhniú | Cinnteacht a sholáthar maidir le haitheantas éilithe aonáin. |
| Fíordheimhnitheacht | Airí lena gcinntítear céannacht ruda nó acmhainne a bheith de réir mar a |

| | |
|---|---|
| | éilítear. Baineann fíordheimhnitheacht le haonáin, mar shampla, úsáideoirí, próisis, córais agus faisnéis. |
| Duine Údaraithe | Mar a shannaítear in S917G den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Duine a fhaigheann Deimhniú Digiteach a d'iarr Duine Údaraithe ar a s(h)on. |
| ÚD | Údarás Deimhniúcháin. San RCD seo, is féidir go gciallódh an téarma "ÚD" ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim agus ÚD ROS. |
| Deimhniú | Cáipéis leictreonach cruthaithe ag an ÚD, arna síniú le heochair phríobháideach an ÚD, ina bhfuil eochair phoiblí agus sonraí an Aonáin agus an Duine Fhormheasta nó Údaraithe. |
| Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin (RPD) | An Nós Imeachta atá le leanúint ag an ÚD agus Deimhnithe á n-eisiúint ag an ÚD do Aonán ar bith. |
| Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin (RCD) | Ráiteas ina bhfuil cur síos ar na cleachtais a úsáideann ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim chun Deimhnithe a eisiúint. |
| Liosta na nDeimhnithe Cealaithe (LDC) | An próiseas faoina ndéantar barántais a bhaineann le péire Eochracha Poiblí a chealú. Tagraíonn, ach go háirithe, do bharántas ag suíomh gur péire faoi nasc aitheanta a chéile an t-aon agus an Eochair Phoiblí. |
| Sraithuimhir an Deimhnithe | Luach slánuimhreach uathúil in ÚD (údarás deimhniúcháin) a eisithe, a bhfuil nasc glan gan athbhrí aige le Deimhniú eisithe ag an ÚD sin. |
| Deimhniú | Sonraí aonáin i slí nach féidir a mbrionnú, i ngeall ar eochair phríobháideach nó rúnda a bhaineann le húdarás deimhniúcháin. |
| Údarás deimhniúcháin (ÚD) | (i) Ionad muiníneach chun Deimhnithe um Eochracha Poiblí a chruthú agus a eisiúint. Bíonn de rogha ag an údarás deimhniúcháin eochracha a chruthú agus iad a shannadh do na haonáin.<br>(ii) Ionad muiníneach súile úsáideora amháin nó níos mó, chun Deimhnithe a chruthú agus a shannadh. Bíonn de rogha ag an údarás deimhniúcháin eochracha an úsáideora a chruthú.<br>(iii) Ionad muiníneach a dhéanann céannacht úsáideora a fhíorú, Ainm Ar Leith a shannadh don úsáideoir sin agus a dhéanann faisnéis a bhaineann leis an úsáideoir sin a fhíorú, trí shíniú a chur leis na sonraí, rud a chiallaíonn síniú digiteach an úsáideora sin. |
| Slabhra deimhniúcháin | Féach Cosán deimhniúcháin |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Cosán deimhniúcháin | Seicheamh ordaithe Deimhnithe maidir le hoibiachtaí sa CEF (crann eolaire faisnéise), rud is féidir a phróiseáil in éineacht le hEochair Phoiblí don chéad oibiacht sa chosán, chun teacht ar an eochair don oibiacht dheireanach sa chosán, rud is féidir a phróiseáil in éineacht le hEochair Phoiblí na hoibiachtaí tosaigh sa chosán, chun teacht ar an |

| | |
|---|---|
| | gceann a bhaineann leis an gceann deiridh sa chosán. |
| Iarratas deimhniúcháin | Cáipéis leictreonach ina bhfuil sonraí na nDeimhnithe atá le cruthú ag an ÚD, le comhlánú agus le síniu go digiteach ag an ÚC agus le cur go dtí an ÚD ag an ÚC. |
| Slándáil Chumarsáide (COMSEC) | Na bearta ar fad a bhaineann le díonadh na teileachumarsáide in aghaidh an idircheaptha neamhúdaraithe agus na mí-úsáide. Cuimsíonn Slándáil Cumarsáide:<br>(a) Cripteashlándáil – An chomhpháirt sin den tslándáil chumarsáide a eascraíonn as cripteachórais fhiúntacha a bheith suiteáilte agus úsáid cheart a bhaint astu;<br>(b) Slándáil fhisiciúil - An chuid sin den tslándáil chumarsáide a eascraíonn as na bearta fisiciúla ar fad a bhíonn riachtanach chun trealamh, ábhar agus doiciméid faoi rún a dhíonadh in aghaidh a Rochtana nó a bhfeisceana ag daoine neamhúdaraithe; agus<br>(c) Slándáil le linn tarchurtha - An chomhpháirt sin den tslándáil chumarsáide a eascraíonn as na bearta ar fad arna ndearadh chun tarchur a dhíonadh in aghaidh an idircheaptha neamhúdaraithe, na hanailíse tráchta agus na cluana aithrise (baineann an téarma deiridh sin le hiarrachtaí traschuir bhréige a dhingeadh isteach i gcóras cumarsáide). |
| Coincheap Oibríochtaí (CONOPS) | Cur síos ardleibhéil ar na seirbhísí a bhíonn á dtairiscint ag ÚDanna na gCoimisinéirí Ioncaim, socruithe bainistíochta agus slándála san áireamh. |
| Coinníollacha Úsáide | Coinníollacha Úsáide in Aguisín A an TD |
| Eochair Rúndachta Phríobháideach | Eochair a úsáidtear chun a bhfuil i dteachtaireacht a rúnscríobh nó a ionchódú. |
| Eochair Rúndachta Phoiblí | Eochair a úsáidtear chun a bhfuil i dteachtaireacht a scaoileadh as a rúnscríobh nó a dhíchódú. |
| Rúndacht | De bhua nach ndéantar faisnéis a sholáthar ná a nochtadh do dhaoine neamhúdaraithe, do aonáin neamhúdaraithe ná do phróiseas neamhúdaraithe. |
| CONOPS | Féach Coincheap Oibríochtaí. |
| RPD | Féach Ráiteas um Polasaí Deimhniúcháin. |
| RCD | Féach Ráiteas um Chleachtas Deimhniúcháin. |
| LDC | Féach Liosta na nDeimhnithe Cealaithe. |

| Téarma nó | Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|---|
| Algartam cripteagrafach | | Sainmhínítear algartam cripteagrafach mar algartam ina gcuirtear claochló ar shonraí, d'fhonn an fhaisnéis iontu a cheilt nó a nochtadh agus ina n-úsáidtear paraiméadar rúnda amháin, ar a laghad, chuige sin.<br><br>Cuimsíonn an sainmhíniú sin algartaim shiméadracha (mar shampla, DES agus FEAL) agus algartaim neamhshiméadracha (mar shampla, RSA agus Rabin). I gcás algartaim shiméadraigh, déantar an fhaisnéis a cheilt agus a nochtadh le paraiméadar rúnda. I gcás algartaim neamhshiméadraigh, déantar an fhaisnéis a cheilt le paraiméadar Poiblí agus a nochtadh le paraiméadar rúnda. |
| Faisnéis chripteagrafach | | Faisnéis, ar a n-áirítear cript-ábhar, mar chur síos suntasach ar theicnící cripteagrafacha agus ar phróisis chripteagrafacha, nó ar chórais chripteagrafacha agus ar threalamh cripteagrafadh, nó ar a bhfeidhmeanna agus ar a gcumas, a bheadh ina gcabhair chun téacs inchriptithe nó cripteachóras a shaoráil le hanailís chripteach dá ndéanfaí iad a nochtadh. |
| Eochair chripteagrafach | | Paraiméadar a úsáidtear in éineacht le halgartam chun críocha fíoraithe, fíordheimhnithe, rúnscríofa nó scaoileadh as rúnscríobh. |
| Cripteagrafaíocht | | Araíonacht ina mbíonn prionsabail, meáin agus modhanna maidir le trasfhoirmiú sonraí d'fhonn an fhaisnéis iontu a cheilt agus mar dhíon in aghaidh a hathraithe i ngan fhios agus/nó chun cosc a chur ar a húsáid neamhúdaraithe. |
| DAP | PRE | Prótacal Rochtana Eolaire |
| DEA | ACS | Algartam Criptithe Sonraí |
| Díchriptigh | | Toradh teachtaireacht criptithe a scaoileadh as a criptithe trí mheán téacs criptithe a aistriú go gnáth-théacs. |
| DES | CCS | Caighdeán Criptithe Sonraí |
| Díolaim | | Toradh hais-algartam a chur i bhfeidhm ar théacs teachtaireachta le sonraí sainmhínithe. Níl ann ach líon. |
| Síniú digiteach | | Sonraí a chuirtear le haonad sonraí, nó trasfhoirmiú cripteagrafach de (féach cripteagrafaíocht), lenar féidir le hiarrthóir an aonaid sonraí foinse agus sláine an aonaid sonraí a phromhadh agus mar chosaint in aghaidh an bhrionnaithe, mar shampla, ag an bhfaighteoir. |
| Doiciméad | | Rud inar féidir faisnéis a thaifeadadh trí mheán ar bith, a chuimsíonn focail, siombail, íomhánna nó impreasan leictreamhaighnéadach. |
| DSA | DSA<br>GSE | Algartam Sínithe Dhigitigh. Digital Signature Algorithm.<br>Gníomhaire Seirbhíse Eolaire. Directory Service Agent. |

| | |
|---|---|
| Criptiú | Gnáth-théacs a thiontú ina théacs criptithe. |

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Aonán | Maidir le BEP BEP na gCoimisinéirí Ioncaim , úsáidtear an téarma “Aonán” do chustaiméir de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar shampla, is féidir go mbedh Aonán ina chomhlacht, ina iontaobhas, ina pháirtíocht, ina thrádálaí aonair nó ina cháiníocóir aonair atá fóstaithe ag comhlacht agus é/í ag íoc cánach trí ÍMAT. |
| | NÓTA – Uaireanta, úsáidtear “aonán” sa ghluais seo mar théarma ginearálta maidir le Duine Formheasta nó Duine Údaraithe agus/nó páirtí ag brath taobh istigh de BEP. |
| Fíordheimhniú Aonáin | Comhdhearbhú go bhfuil aonán mar a éilítear. |
| Údarás measúnaithe | Eagraíocht a chuireann critéir do phobal sannaithe i bhfeidhm trí scéim measúnaithe agus a dhéanann, dá réir sin, caighdeáin a shocrú agus monatóireacht ar fhiúntas na measúnuithe a bhíonn á reáchtáil ag eagraíochtaí laistigh den phobal sin. |
| | |
| Scéim measúnaithe | An creat riartha agus rialaithe faoina gcuireann údarás measúnaithe critéir i bhfeidhm laistigh de phobal sannaithe. |
| | |
| | |
| Hais | Uimhir ríofa. Úsáidtear hais chun leaganacha píosa ríofa |
| | sonraí a chur i gcomparáid lena chéile. Má thagann le chéile, is féidir cinnteacht áirithe a bhaint as sin gur sonraí slána iad. |
| | |
| Réimse Hais | Réimse an teaghráin mheánaigh a iompraíonn an cód hais. |
| Feidhm Hais | (i) Feidhm (mhatamaiticiúil) a mhapálann luacha as fearann amháin (a d’fhéadfadh a bheith ana-mhór) isteach i réimse níos lú. Bíonn de bhua ag feidhm “mhaith” hais gurb é toradh a curtha i bhfeidhm ar thacar (mór) luacha san fhearann ná a scaipeadh go cothrom (amhail dá mba randamach) thar an réimse. |
| | (ii) Feidhm a mhapálann teaghráin giotán do theaghráin faid sheasta giotán, a shásaíonn an dá airí seo a leanas: |
| | - ní rud inríofa ionchur a mhapálann don aschur seo a aimsiúú i gcomhair aschuir áirithe. |
| | - ní rud inríofa ionchur a mhapálann don aschur céanna a aimsiúú i gcomhair aschuir áirithe. |
| | [ISO/IEC 10118-1:1994] [FCD ISO/IEC 14888-1 (12/1997)] |
| | Tá na nótaí seo a leanas in ISO/IEC 10118-1. Tá an dara nóta in ISO/IEC 14888-1, chomh maith. |
| | NÓTAÍ |
| | 1. I litríocht an ábhair tá téarmaí éagsúla ar aon bhrí le feidhm hais, nó cosúil leis sin. Tá códú comhbhrúite agus feidhm chomhdhlúite i measc na samplaí sin. |
| | 2. Bíonn inríofacht ag brath ar riachtanais agus ar thimpeallacht an úsáideora, ó thaobh na slándála de. |

| | |
|---|---|
| Cód hais | An teaghrán giotán a bhíonn mar aschur ag feidhm hais. |
| Ordlathas | Féach Ordlathas BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |
| ISO | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| ITSEC | Critéir um Meastóireacht Slándála Teicneolaíochta Faisnéise. |
| Eochair a bhunú | Próiseas ina gcuirtear eochar rúnda i gcoitinne ar fáil d'aoná(i)n. Cuimsíonn bunú eochrach comhaontú eochrach agus iompar eochrach. |
| Feidhm ginte eochrach | Feidhm a ghlacann isteach mar ionchur scata paraiméadar, ceann amháin ar a laghad ina rún agus a chuireann amach mar aschur eochracha oiriúnacha don algartam agus don fheidhmchlár dá gceaptar iad. Ní bheifear in ann a dhéanamh amach ón bhfeidhm sin cén t-aschur a thiocfaidh as gan eolas ar an inchur rúnda. |
| Ginteoir Eochracha | Fearas cripteagrafaíochta a úsáidtear chun eochracha cripteagrafacha a ghiniúint agus veicteoirí túsúcháin, más gá. |
| Bainistíocht Eochracha | Gach gné riaracháin agus úsáide maidir le gineadh, le clárú, le díchlárú, le dáileadh, le suiteáil, le storáil, le cartlannú, le cealú deimhnithe, le bunús ábhar eochracha faoi réir ag polasaí slándála. |
| Péire Eochracha | Péire eochracha criptiúcháin ag freagairt dá chéile arna nginiúint ag ÚD agus arna bhformáidiú mar eochair phríobháideach agus eochair phoiblí. Déantar an eochair phoiblí a dháile laistigh de dheimhniú arna eisiúint ag an ÚD. |
| Comhartha Eochrach | Teachtaireacht bhainistithe eochrach a chuireann aonán go dtí aonán eile agus meicníocht bhainistithe eochrach á cur i bhfeidhm. |
| Iompar Eochrach | Próiseas aistrithe eochrach ó aonán go chéile, le cosaint oiriúnach. |
| Eochair | (i) Seicheamh siombal a rialaíonn oibriú claochlaithe chripteagrafaigh (mar shampla, criptiú, díchriptiú, áireamh seiceála cripteagrafaí, giniúint nó fíoradh sínithe). (ii) Seicheamh siombal a rialaíonn oibriú claochlaithe chripteagrafaigh (mar shampla, criptiú, díchriptiú). |
| Teachtaireacht | (i) Teaghrán teoranta giotán. (ii) Teaghrán neamhtheoranta giotán. (iii) Teaghrán teoranta nó neamhtheoranta giotán nó teaghrán folamh. |

| | |
|---|---|
| Cód fíordheimhnithe Teachtaireachta (MAC) | (i) Cód i dteachtaireacht idir té a seolta agus té a glactha a bhíonn in úsáid chun a foinse agus an teachtaireacht nó cuid den teachtaireacht a fhíordheimhniú. Toradh ar áireamh aontaithe a bhíonn sa chód sin. (ii) Sonra as teachtaireacht le teicnící siméadracha cripteagrafacha agus eochair rúnda. Úsáideann aonán arb eol dó an eochair rúnda é chun sláine agus foinse na teachtaireachta a fhíordheimhniú. |
| Malartú Neamhshéantachta | Seicheamh aistrithe píosa amháin faisnéise neamhshéantachta (NRI) nó níos mó chun críocha neamhshéantachta. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Faisnéis neamhshéantachta | Tacar faisnéise is féidir a bhaint bainteach le teagmhas nó le gníomh a bhfuil fianaise le gineadh agus le bailíochtú ina leith, an fhianaise féin agus an polasaí neamhshéantachta atá i bhfeidhm. |
| Polasaí neamhshéantachta | Tacar critéar maidir le seirbhísí neamhshéantacha a sholáthar. Go sonrach, tacar rialacha le cur i bhfeidhm maidir le fianaise a ghiniúint agus breithiúnas a dhéanamh. |
| OECD | An Eagraíocht um Chomhoibriú agus Forbairt Eacnamaíochta. |
| AO | Aitheantóir Oibiachta |
| ÚCP | An tÚdarás Um Cheadú Polasaíestablished ag na Coimisinéirí Ioncaim, atá freagrach as na polasaithe a rialaíonn bainistíocht agus oibriú BEP na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Pasphrása | Féach Cód Pearsanta Aitheantais. |
| Cód Pearsanta Aitheantais | Meciníocht Rialaithe Rochtana a úsáidtear le linn eochair a aistriú, chun Eochracha Príobháideacha a thabhairt isteach i gCríoch-fheidhmchlár Aonáin. In ÚD ROS tagraíonn an téarma “Pasphrása” don mheicníocht the rialaithe rochtana lena ndéantar eochracha príobháideacha arna stóráil go háitiúil i dtimpeallacht ríomhaireachta an Chríoch-Aonáin a chosaint. |
| Slándáil Pearsanra | Na bearta cosanta a úsáidtear chun féachaint chuige gur daoine oiriúnacha amháin a fhaigheann cead Rochtana, a fhanann ina ndaoine oiriúnacha maidir le Rochtain agus go gcuirtear ar an eolas iad maidir lena bhfreagrachtaí slándála. |
| Slándáil Fhisiciúil | (i) Cuid sin na slándála cosanta a bhaineann le bearta fisiciúla dírithe ar Rochtain neamhúdaraithe acmhainní a chosc agus iad a dhíonadh in aghaidh spiaireachta, damáiste d’aon ghnó, athraithe agus gadaíochta (mar shampla, glais, aláraim, taisceadáin agus mar sin de). |

| | |
|---|---|
| | (ii) Na bearta a úsáidtear chun cosaint fhisiciúil a sholáthar do na hacmhainní in aghaidh a gcur i mbaol d'aon ghnó nó de thaisme. |
| PIC | Féach Cód Pearsanta Aitheantais. |
| CDEP | Creat Fíordheimhniúcháin Eochracha Poiblí – creat a cheadaíonn, ach cloí leis,<br>córas iontaofa Eochracha Poiblí a bhunú. Leis an gcóras sin, beidh aonán ar bith in ann síniú digiteach a deirtear a bhaineann le haonán eile a mheas ó thaobh na hiontaofachta agus na bailíochta de. |
| BEP | Bonneagar Eochracha Poiblí. |
| Aonán BEP | Compháirt de mhodúl córais nó ról insuite laistigh den BEP a bhfuil gaol cripteagrafach aige leis an ÚD. Aonáin BEP le BEP na gCoimisinéirí Ioncaim is ea an tÚC, an RAO agus an CAO, mar shampla. |

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Príobháideachas | Ceart an duine an saghas eolais mar gheall orthu féin is féidir a bhailiú agus a stóráil a rialú nó tionchar a imirt air agus cé dó gur féidir an t-eolas sin a nochtadh. NÓTA –Toisc go dtagraíonn an téarma le cearta daoine aonair, ní féidir leis a bheith cruinn beacht agus ba cheart a úsáid a sheachaint ach mar chúis chun tuilleadh slándála a éileamh. |
| Eochair Phríobháideach | An chuid sin de phéire eochracha a choinníonn aonán loighciúil nó dlíthiúil i gcórasbailíochtaithe, faoi chosaint ag pasfhocal agus nach ndéantar a nochtadh do dhuine ar bith eile. |
| Eochair phríobháideach síniúcháin | Eochair Phríobháideach lena sainmhínítear an trasfhoirmiú don síniú príobháidech. NÓTA – Uaireanta tagraítear di seo mar eochair rúnda síniúcháin. |
| Slándáil Chosantach | Coincheap iomlán na slándála, a chuimsíonn idir riarachán, phearsanra, fhisiciúil, theicniúil, ríomhaireacht agus chumarsáid. |

| | |
|---|---|
| Eochair Phoiblí | (i) An chuid phoiblí, eochair nó comhstruchtúr matamaitice de phéire eochracha in úsáid in éineacht mar bhonn le Teicneolaíochtaí Eochracha Poiblí (féach Eochair Phríobháideach). An ceann sin den phéire eochracha neamhshiméadracha aonáin is féidir a dhéanamh Poiblí. Maidir le córas neamhshiméadrach siniúcháin, sainmhíníonn an Eochair Phoiblí agus na halgartaim a bhaineann léi an trasfhoirmiú bailíochtaithe. [ISO/IEC 13888] ii) (I gcóras cripteagrafach Eochracha Poiblí ) an eochair sin de phéire eochracha úsáideora a bhíonn ar eolas go Poiblí. [ISO/IEC 9594-8:1990] [CCITT X.509: 1988] (iii) An eochair sin de phéire péire eochracha neamhshiméadracha aonáin is féidir a dhéanamh Poiblí. [ISO/IEC 9798-1 (Eagrán a Dó): 1997] [ISO/IEC 11770-1: 1997] [2nd DIS ISO/IEC 11770-3 (08/1997)]. Tá an nóta seo a leanas in ISO/IEC 9798-1 agus in ISO/IEC 11770-3: NÓTA - Maidir le córas neamhshiméadrach siniúcháin, sainmhíníonn an Eochair Phoiblí an trasfhoirmiú bailíochtaithe. Maidir le córas neamhshiméadrach criptithe, sainmhíníonn an Eochair Phoiblí an trasfhoirmiú criptithe. Ní hionann eochair a bheith ‘Ar Eolas Go Poiblí’ agus í a bheith ar fáil i gcoitinne. Is féidir nach mbeadh fáil uirthi ach ag baill grúpa réamhshonraithe. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Feidhm um dhíorthú Eochracha Poiblí | Feidhm Phoiblí a mhapálann teaghráin giotán do shlánuimhreacha dearfa, a úsáidtear chun eolas aitheantais aonáin a aistriú ina eochair bailíochtaithe agus a shásaíonn na coinníollacha seo a leanas: - Ní féidir trí áireamh aon dá inchur ar leith a aimsiú a mhapálann don aschur céanna. – Níl ann ach an dóchúlacht is lú go mbeadh luach Y arna roghnú go randamach laistigh de raon na feidhme, nó ní féidir trí áireamh inchur a aimsiú a mhapálann don aschur áirithe sin. NÓTA – Bíonn laghad na dóchúlachta agus neamhfhéadarthacht trí áireamh ag brath ar riachtanais agus ar thimpeallacht an úsáideora áirithe. |

| | |
|---|---|
| Faisnéis um Eochair Phoiblí | (i) Faisnéis faoi aonán áirithe, a chuimsíonn aitheantóir sainiúil an aonáin, ar a laghad, agus Eochair Phoiblí amháin ar a laghad, i gcomhair an aonáin sin. Is féidir faisnéis eile maidir leis an údarás clárúcháin, leis an agus leis an aonán agus leis an Eochair Phoiblí a chur isteach san fhaisnéis um Eochair Phoiblí, mar shampla, tréimhse bailíochta na hEochrach Poiblí, tréimhse bailíochta na hEochrach Príobháidí a ghabhann léi, nó aitheantóirí na n-algartam ábhartha. (ii) Faisnéis a chuimsíonn aitheantóir ar leith an aonáin, ar a laghad, mar aon leis an Eochair Phoiblí. Ní féidir ach sonraí a bhaineann le haonán amháin a chur isteach san fhaisnéis, agus Eochair Phoiblí amháin don aonán sin. Is féidir faisnéis sheasta eile a chur isteach san fhaisnéis um Eochair Phoiblí, mar shampla maidir leis an údarás clárúcháin, leis an aonán nó leis na halgartaim ábhartha. |
| Eochair Fíorúcháin Phoiblí | Eochair Phoiblí faoina sainmhínítear an trasfhoirmiú don fhíorú Poiblí. |
| ÚC | Údarás Clárúcháin. |
| URR | Uimhir Rochtana ROS. Uimhir uathúil arna sannadh do gach Duine Formheasta nó Duine Údaraithe de chuid ÚD ROS mar chuid den phróiseas clárúcháin. Bíonn an URR mar chuid den Ainm Ar Leith ar an Deimhniú a bhaineann leis an Duine Formheasta nó leis an Duine Údaraithe agus ní féidir athúsáid a bhaint astu. |
| RCA | Údarás Deimhniúcháin Fréamhacha. Laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, ciallaíonn sé sin ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| Clárú | An próiseas faoina ndéantar faisnéis a thaifeadadh agus a bhailíochtú i dtaobh Aonán, Daoine Formheasta nó Daoine Údaraithe, mar a leagtar síos sa Pholasaí faoina n-eiseofar na deimhnithe. |
| Údarás Clárúcháin | Údarás Clárúcháin - Aonán a dhearbhaíonn aitheantas úsáideoirí agus a chláraíonn a riachtanais leis an Údarás Deimhniúcháin. |
| Páirtí ag Brath | An Duine Formheasta nó Duine Údaraithe a bhíonn ag brath ar Eochracha Poiblí agus ar Dheimhnithe a bhaineann le hEochracha Poiblí daoine eile chun teachtaireachtaí a dhíchriptiú agus/nó a fhíorú, agus an dála céanna maidir le bearta nó le comhaid leictreonacha. I dtimpeallacht ÚD ROS, is é feidhmchlár ROS an Páirtí ag Brath. |

| **Téarma nó Acrainm** | **Nótaí mínithe** |
|---|---|
| Séanadh | Séanadh ag ceann de na haonáin i mbun cumarsáide ar a bheith rannpháirteach i gcuid (ar bith) den chumarsáid. |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | Sa doiciméad seo, ciallaíonn an téarma sin Oifig Coimisinéirí Ioncaim Phoblacht na hÉireann. |
| ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim | Údarás Deimhniúcháin Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.<br>Is é ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim buaicphoine na hiontaoibhe laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |

| | |
|---|---|
| | |
| Bogearraí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim | Bogearraí in úsáid i gcomhair oibríochtaí ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim, Údarás Deimhniúcháin Keon de chuid RSA Security (KCA) san áireamh |
| Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim | Soláthraíonn Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim tacaíocht, idir theicniúil, chripteagrafach agus nós imeachta maidir le comhadú tuairisceán cánach leis na Coimisinéirí Ioncaim |
| BEP na gCoimisinéirí Ioncaim | An Bonneagar Eochracha Poiblí a bhunaigh na Coimisinéirí Ioncaim. |
| Root ÚD | Refer to RÚD. |
| ROS | Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. |
| ÚD ROS | An tÚdarás Deimhniúcháin a thacaíonn le feidhmchlár ROS. Tá ÚD ROS mar fho-ÚD de chuid ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |
| RSA | Modh fíordhaingean cripteagrafaíochta a chruthaigh Ronald L. Rivest, Adi Shamir, agus Leonard M. Adleman. Úsáideann RSA eochair dhéchodach. Coinníonn an t-úinéir an eochair phríobháideach; foilsítear an eochair phoiblí. Tá eochair phríobháideach an fhaighteora riachtanach chun sonraí a dhíchriptiú a criptíodh leis an eochair phoiblí, agus vice-versa. |
| Eochair síniúcháin | Sonra rúnda a bhaineann le sainiúil le haonán agus nach féidir a úsáid ach ag an aonán sin sa phróiseas síniúcháin. |
| ARS | Athbhreithniú um Rioscaí Slándála |
| Fo-ÚD | Ciallaíonn fo-ÚD údarás clárúcháin ag feidhmiú faoi thacar eochracha cripteagrafacha agus na deimhnithe a bhaineann leo, arna n-eisiúint ag ÚD Fréamhacha. Fo-ÚD de chuid ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim is ea ÚD ROS laistigh de BEP na gCoimisinéirí Ioncaim |
| Teicníc shiméadrach chripteagrafach | Teicníc chripteagrafach ina n-úsáidtear trasfhoirmiú an díorthóra agus trasfhoirmiú an fhaighteora araon. Gan eolas ar an eochair rúnda, ní féidir teacht ar thrasfhoirmiú an díorthóra ná ar thrasfhoirmiú an fhaighteora trí áireamh. |
| Sláine córais | Córas a bheith i gcumas an fheidhm dár cruthaíodh é a chur i gcrích gan bac agus slán ó chur isteach d’aon ghnó nó de thaisme |
| TIO | Timpeallacht Iontaofa Oibríochta. I gcás BEP na gCoimisinéirí Ioncaim, cuimsíonn an téarma sin compháirteanna bogearraí agus crua-earraí BEP. Bogearraí Keon agus na MSCanna. |

| | |
|---|---|
| | |

| Téarma nó Acrainm | Nótaí mínithe |
|---|---|
| Comhartha | Teachtaireacht ina bhfuil réimsí sonraí a bhaineann le gníomh cumarsáide áirithe agus ina bhfuil faisnéise arna trasfhoirmiú le teicníc chripteagrafach. |
| Úsáideoir | Aonán ar bith (duine nó meáisín) taobh amuigh den TIO a bhíonn i mbun cumarsáide leis an TIO. |
| Bailíochtú | An próiseas trína ndéantar sláine teachtaireachta a dhearbhú, nó sláine coda den teachtaireacht. |
| Faisnéis fíorúcháin fíordheimhniúcháin (fíordheimhniú AI) | Faisnéis a úsáideann fíordheimhnitheoir chun aitheantas éilithe a fhíordheimhniú trí mhalartú AI. |
| Eochair fíorúcháin | (i) Luach a theastaíonn chun luach seiceála cripteagrafach a fhíordheimhniú. (ii) Sonra a bhfuil gaol matamaitice aige le heochair síniúcháin aonáin agus a bhíonn in úsáid ag an bhfíordheimhnitheoir sa phróiseas fíordheimhnithe. |
| Próiseas fíorúcháin | Próiseas ina nglactar mar inchur isteach an teachtaireacht shínithe, an eochair fíorúcháin agus na paraiméadair fearainn, agus ina gcuirtear amach mar aschur toradh fíoraithe an tsínithe: bailí nó neamhbhailí. |
| Breathnú | Próiseas ina bhfaightear faisnéis chun oiriúnacht duine a mheas maidir le Rochtain a dheonú dó/di ar ábhar rangaithe/íogar nó ar cheantar sainiúil daingean. |

NÓTA: Glacadh cuid de na sainmhínithe thuas isteach as Caighdeáin de chuid ISO.

# Aguisín C – Polasaithe lena dTacaíonn an RCD seo

Polasaí Deimhnithe um Sheirbhís Ar Line na gCoimisinéirí Ioncaim

Polasaí Deimhnithe – AO 1.2.372.980003.1.1.1.1.1 Tacaíonn an RCD seo leis

na deimhnithe seo a leanas:

- Deimhnithe féinsínithe ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Deimhnithe ÚD ROS arna síniú ag ÚD na gCoimisinéirí Ioncaim.

- Deimhnithe fho-choda BEP na gCoimisinéirí Ioncaim arna n-eisiúint ag ÚD ROS.

# Aguisín D – Seoltaí Idirlín

**Suíomh Idirlín maidir le Cáipéisí Polasaí agus Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim**

Tá ceangal ann an doiciméad seo agus doiciméid eile a bhaineann le polasaí agus le cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim a bheith ar fáil tríd an Idirlíon. Chun na doiciméid sin a rochtain, níl le déanamh agat ach:

Dul chuig: http://www.revenue.ie/

Sa doiciméad seo déantar tagairt do stór na ndoiciméad sin um polasaí agus cleachtais BEP na gCoimisinéirí Ioncaim agus do na treoracha thuasluaite mar Shuíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim**.**

Cuimsíonn an stór sin na doiciméid i bhfoirm páipéir a bhíonn ar fáil ag iarratasóirí *bone fide* ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim agus **Suíomh Idirlín Polasaí Deimhniúcháin BEP na gCoimisinéirí Ioncaim** ina bhfuil leaganacha leictreonach (PDF) de dhoiciméid phoiblí.

Suímh Idirlín ar a bhfuil Tuilleadh Eolais i dtaobh BEP:

- http://www.pki-page.org/ ar a bhfuil nasc le roinnt faisnéise ginearálta faoi BEP aus Údaráis Deimhniúcháin. Suíomh seachtrach is ea é sin agus níl freagracht ar bith ar na Coimisinéirí Ioncaim Commissioners maidir lena a bhfuil air.

- http://www.ietf.org/rfc/rfc3647.txt/ ar a bhfuil nasc leis an gCreat um Polasaí Deimhniúcháin maidir le Bonneagar Eochracha X.509 an Idirlín. Suíomh seachtrach is ea é sin agus níl freagracht ar bith ar na Coimisinéirí Ioncaim Commissioners maidir lena a bhfuil air.